2025/41

22.1.2025

RIALACHÁN (AE) 2025/41 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 19 Nollaig 2024

maidir le bearta allmhairiúcháin, onnmhairiúcháin agus idirthurais le haghaidh airm thine, comhpháirteanna bunriachtanacha agus armlóin, lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 10 de Phrótacal na Náisiún Aontaithe in aghaidh monarú agus gáinneáil aindleathach arm tine, a bpáirteanna, a gcomhpháirteanna agus a n-armlóin, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na coireachta eagraithe trasnáisiúnta (Prótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe)

(athmhúnlú)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 33 agus 207 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá roinnt leasuithe le déanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 258/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) chun rialacha comhchoiteanna a leagan síos maidir le hallmhairiú, onnmhairiú agus idirthuras arm tine, comhpháirteanna bunriachtanacha, armlóin, arm rabhaidh agus comhartha, arm tine díghníomhachtaithe, arm tine leathchríochnaithe, comhpháirteanna bunriachtanacha leathchríochnaithe agus modhnóirí fuaime. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Rialachán sin a athmhúnlú.

(2) I gcomhréir le Cinneadh 2001/748/CE ón gComhairle ([3]), shínigh an Coimisiún, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Prótacal na Náisiún Aontaithe in aghaidh Monarú agus Gáinneáil Aindleathach Arm Tine, a bPáirteanna agus a gComhpháirteanna agus a nArmlóin, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta ([4]) ('Prótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe') an 16 Eanáir 2002.

(3) An 3 Iúil 2005, tháinig Prótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe i bhfeidhm, a bhfuil sé ([5]) mar chuspóir aige comhar i measc na Stát is Páirtithe a chur chun cinn, a éascú agus a neartú chun monarú agus gáinneáil aindleathach arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus a n-armlóin a chosc, a chomhrac agus a dhíothú.

(4) Chun Prótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme, ghlac an tAontas Rialachán (AE) Uimh. 258/2012. Dhaingnigh an tAontas Prótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe le Cinneadh 2014/164/AE ón gComhairle ([6]).

([1]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 23 Aibreán 2024 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil)] agus Cinneadh ón gComhairle an 16 Nollaig 2024.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 258/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2012 lena gcuirtear Airteagal 10 de Phrótacal na Náisiún Aontaithe i gcoinne Monarú agus Gáinneáil Aindleathach Arm Tine, a bPáirteanna agus a gComhpháirteanna agus a nArmlóin, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta (Prótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe) chun feidhme, agus lena mbunaítear bearta i ndáil le húdarú onnmhairithe, le hallmhairithe agus le hidirthurais le haghaidh arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus armlóin (IO L 94, 30.3.2012, lch. 1).

([3]) Cinneadh ón gComhairle 2001/748/CE an 16 Deireadh Fómhair 2001 maidir le síniú, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, Phrótacal na Náisiún Aontaithe i gcoinne monarú aindleathach agus gáinneáil aindleathach arm tine, a bpáirteanna, a gcomhpháirteanna agus a n-armlóin, atá i gceangal leis an gCoinbhinsiún in aghaidh na coireachta eagraithe trasnáisiúnta (IO L 280, 24.10.2001, lch. 5).

([4]) IO L 89, 25.3.2014, lch. 10.

([5]) Rialachán (AE) 2025/41 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta allmhairiúcháin, onnmhairiúcháin agus idirthurais le haghaidh airm thine, comhpháirteanna bunriachtanacha agus armlóin, lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 10 de Phrótacal na Náisiún Aontaithe in aghaidh monarú agus gáinneáil aindleathach arm tine, a bpáirteanna, a gcomhpháirteanna agus a n-armlóin, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na coireachta eagraithe trasnáisiúnta (Prótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe) (IO L, 2025/41 , 22.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/41/oj).

([6]) Cinneadh ón gComhairle 2014/164/AE an 11 Feabhra 2014 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Phrótacail in aghaidh Monarú agus Gáinneáil Aindleathach Arm Tine, a bPáirteanna agus a gComhpháirteanna agus a n-Armlóin, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta (IO L 89, 25.3.2014, lch. 7).

(5) Ceanglaítear ar na Stáit is Páirtithe i bPrótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe nósanna imeachta nó córais riaracháin a chur i bhfeidhm nó a fheabhsú chun rialú éifeachtach a fheidhmiú ar mhonarú, marcáil, allmhairiú agus onnmhairiú arm tine.

(6) Níl feidhm ag Prótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe ná ag an Rialachán seo maidir le hidirbhearta idir stáit ná le haistrithe stáit i gcásanna ina ndéanfadh an cur i bhfeidhm sin dochar do cheart Stáit is Páirtí gníomhaíocht a dhéanamh chun leasa na slándála náisiúnta, i gcomhréir le Cairt na Náisiún Aontaithe.

(7) Ní dhéanann an Rialachán seo difear do chur i bhfeidhm Airteagal 346 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), ina ndéantar tagairt do leasanna bunúsacha maidir le slándáil na mBallstát a bhaineann le hairm, muinisin agus ábhair chogaidh a tháirgeadh nó a thrádáil. Mar sin féin, i gcomhréir le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ní féidir an fhoráil sin a fhorléiriú mar fhoráil lena dtabharfaí cumhacht do na Ballstáit imeacht ó fhorálacha CFAE ar mhaithe leis na leasanna sin amháin. Dá bhrí sin, na Ballstáit ar mian leo leas a bhaint as an maolú a cheadaítear faoi Airteagal 346 CFAE, ní mór dóibh a thaispeáint go bhfuil gá leis an maolú sin chun a leasanna bunúsacha slándála a chosaint. Níl aon tionchar ag an Rialachán seo ar Threoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]).

(8) Ba cheart an Rialachán seo a bheith i gcomhréir le forálacha ábhartha eile maidir le hairm thine, comhpháirteanna bunriachtanacha, armlón, airm rabhaidh agus chomhartha, airm thine dhíghníomhachtaithe, airm thine leathchríochnaithe, comhpháirteanna bunriachtanacha leathchríochnaithe agus modhnóirí fuaime le haghaidh úsáid mhíleata, straitéisí slándála, gáinneáil aindleathach mionarm agus arm éadrom agus onnmhairí teicneolaíochta míleata, lena n-áirítear Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle ([8]) agus Cinneadh (CBES) 2021/38 ón gComhairle ([9]).

(9) Níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le hidirbhearta airm thine, a gcomhpháirteanna bunriachtanacha, armlón, airm rabhaidh agus chomhartha, airm thine dhíghníomhachtaithe, airm thine leathchríochnaithe, comhpháirteanna bunriachtanacha leathchríochnaithe agus modhnóirí fuaime atá ceaptha le haghaidh na bhfórsaí armtha, na bpóilíní nó na n-údarás poiblí faoi chuimsiú díreach nó indíreach caidreamh conarthach nó faoi réir bunús arna thabhairt le deimhnithe úsáideora deiridh. Ba cheart a chuimsiú leis an eisiamh idirbhearta earraí den sórt sin lena bhforbairt, lena dtástáil, lena dtáirgeadh, lena gcothabháil nó lena gcur i láthair, ar idirbhearta iad lena mbaineann eintitis phríobháideacha, i gcás ina ndéantar an táirge deiridh a cheapadh nó a sheachadadh go heisiach do na fórsaí armtha, na póilíní nó na húdaráis phoiblí. Níor cheart feidhm a bheith ag an eisiamh maidir le hearraí de Chatagóir C a sheoltar chuig tríú tíortha, amhail airm thine, comhpháirteanna bunriachtanacha, armlón, airm rabhaidh agus chomhartha, airm thine leathchríochnaithe, comhpháirteanna bunriachtanacha leathchríochnaithe nó modhnóirí fuaime.

(10) Ní dhéanann an Rialachán seo difear do chur i bhfeidhm Threoir (AE) 2021/555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]), lena dtugtar aghaidh ar aistrithe arm tine d'úsáid shibhialtach laistigh de chríoch an Aontais. Níl feidhm ag an Rialachán seo ach maidir le hallmhairí go críoch chustaim an Aontais, le hidirthuras agus le honnmhairí ó chríoch chustaim an Aontais. Dá bhrí sin, tá airm thine, comhpháirteanna bunriachtanacha agus a n-armlón, airm rabhaidh agus chomhartha agus airm thine dhíghníomhachtaithe a scaoiltear i saorchúrsaíocht i gcríoch chustaim an Aontais faoi réir cheanglais Threoir (AE) 2021/555. Ina theannta sin, ní rialaítear leis an Rialachán seo úinéireacht arm ná aon cheadúnú i ndáil le daoine príobháideacha, déileálaithe ná bróicéirí. Le Treoir (AE) 2021/555 bunaítear na rialacha maidir le fáil agus seilbh, lena n-áirítear ceadúnú daoine príobháideacha, déileálaithe agus bróicéirí.

(11) Ní dochar an Rialachán seo do chóras an Aontais maidir le rialú onnmhairí, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([11]).

([7]) Treoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 lena simplítear téarmaí agus coinníollacha aistrithe táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Chomhphobal (IO L 146, 10.6.2009, lch. 1).

([8]) Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 lena sainítear rialacha comhchoiteanna lena rialaítear rialú ar onnmhairiú teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata (IO L 335, 13.12.2008, lch. 99).

([9]) Cinneadh (CBES) 2021/38 ón gComhairle an 15 Eanáir 2021 lena mbunaítear cur chuige comhchoiteann maidir le heilimintí deimhnithe úsáideora deiridh i gcomhthéacs onnmhairiú mionarm agus armán éadrom agus a n-armlón (IO L 14, 18.1.2021, lch. 4).

([10]) Treoir (AE) 2021/555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 maidir le fáil agus seilbh arm a rialú (IO L 115, 6.4.2021, lch. 1).

([11]) Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear córas Aontais chun onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú (IO L 206, 11.6.2021, lch. 1).

(12) Ní dochar an Rialachán seo d'oibleagáidí na mBallstát faoin gcóras beart sriantach arna ghlacadh le cinneadh nó comhsheasamh ón gComhairle, nó a eascraíonn as na hoibleagáidí a fhorchuireann Comhsheasamh 2003/468/CBES ón gComhairle ([12]).

(13) Níl aon rud sa Rialachán seo a chuireann srian ar chumhacht ar bith faoi Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([13]) nó Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún ([14]), ná de bhun na Rialachán sin.

(14) Mar gheall ar chineál na n-earraí a chumhdaítear leis an Rialachán seo, ní féidir roinnt simplithe custaim, amhail dearbhuithe ó bhéal, a chur i bhfeidhm.

(15) Nuair nach ndéantar airm thine a mharcáil go cuí i gcomhréir le hAirteagal 8 de Phrótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann a chinneadh airm thine choinnithe a scriosadh ar chostas an allmhaireora.

(16) Níor cheart airm thine, comhpháirteanna bunriachtanacha agus armlón a dhearbhú lena scaoileadh i saorchúrsaíocht ach amháin má tá siad marcáilte go cuí i gcomhréir le Treoir (AE) 2021/555. Go dtí go ndéanfar an mharcáil sin, ba cheart d'allmhaireoirí na hairm thine sin a chur faoi nós imeachta custaim eile, amhail stórasú custaim, próiseáil isteach nó saorlimistéir, faoinar cheart dóibh an ceanglas marcála a chomhlíonadh, bíodh sé sin ina n-áitreabh féin nó in áitribh údaraithe eile, amhail promhthithe náisiúnta, i gcomhréir le reachtaíocht chustaim an Aontais. Mar sin féin, daoine arb é atá i gceist lena ngnó monarú, trádáil, malartú, fruiliú, deisiú, modhnú nó tiontú arm tine, comhpháirteanna bunriachtanacha agus armlóin, ba cheart cead a bheith acu airm thine, comhpháirteanna bunriachtanacha agus armlón a mharcáil, i gcomhréir le hAirteagal 4 de Threoir (AE) 2021/555, gan mhoill tar éis a scaoilte i saorchúrsaíocht, ós rud é go gceadaítear sin leis an Treoir sin agus go gcuirtear cosc ar earraí neamh-mharcáilte a chur ar an margadh léi. Ba cheart do na daoine sin, áfach, an ceanglas a leagtar amach in Airteagal 8(1), pointe (b), de Phrótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe a chomhlíonadh, lena léirítear gur gá marcálacha allmhairithe a chur le hairm thine.

(17) Níor cheart airm thine dhíghníomhachtaithe a dhearbhú lena scaoileadh i saorchúrsaíocht nó le haghaidh cead isteach ar bhonn sealadach i gcásanna daoine neamhbhunaithe a údaraítear leis an Rialachán seo, ach amháin má tá an deimhniú ábhartha díghníomhachtúcháin ag gabháil leo agus má mharcáiltear iad de bhun Airteagal 5 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2403 ón gCoimisiún ([15]). Go dtí go bhfaighfear an deimhniú sin nó an mharcáil cheart sin, ba cheart d'allmhaireoirí na hairm thine dhíghníomhachtaithe a chur faoi nós imeachta custaim eile, amhail stórasú custaim nó saorlimistéir, faoinar cheart allmhaireoirí a bheith in ann a iarraidh ar na húdaráis inniúla de réir Airteagal 15 de Threoir (AE) 2021/555 an díghníomhachtú a fhíorú agus an deimhniú a eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2403.

(18) Tráth a bhíonn údaruithe allmhairiúcháin nó onnmhairiúcháin á ndeonú agus tráth a bhíonn airm rabhaidh agus chomhartha á n-allmhairiú agus á n-onnmhairiú, níor cheart ach airm rabhaidh agus chomhartha a chomhlíonann caighdeáin Threoir Cur Chun Feidhme (AE) 2019/69 ón gCoimisiún ([16]) a mheas mar airm rabhaidh agus chomhartha seachas mar airm thine. Ba cheart gléasanna is féidir a thiontú go héasca ina n-airm thine a aicmiú i gcónaí mar airm thine i gcomhréir leis an ainmníocht chustaim, agus ba cheart do na húdaráis chustaim agus na húdaráis inniúla déileáil leo mar airm thine. Chun rioscaí an atreoraithe a sheachaint, is gá comhsheasmhacht chleachtais na n-údarás custaim náisiúnta a áirithiú in aicmiú na ngléasanna a dhearbhaítear mar airm rabhaidh agus chomhartha tráth a n-allmhairithe.

(19) Ba cheart údarú allmhairiúcháin a bheith riachtanach chun airm thine, comhpháirteanna bunriachtanacha agus a n-armlón a theacht isteach i gcríoch chustaim an Aontais. Mar gheall ar an ardriosca a bhaineann le monarú aindleathach arm tine as táirgí neamhchríochnaithe agus neamh-mharcáilte arna n-allmhairiú, níor cheart ach déileálaithe agus bróicéirí cuícheadúnaithe a údarú le hairm thine leathchríochnaithe agus comhpháirteanna bunriachtanacha leathchríochnaithe a allmhairiú.

([12]) Comhsheasamh 2003/468/CBES ón gComhairle an 23 Meitheamh 2003 maidir le rialú ar bhróicéireacht arm (IO L 156, 25.6.2003, lch. 79).

([13]) Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

([14]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha mionsonraithe a bhaineann le forálacha áirithe de Chód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 1).

([15]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2403 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2015 lena mbunaítear treoirlínte comhchoiteanna i ndáil le caighdeáin agus teicnící díghníomhachtúcháin chun a áirithiú go mbeidh airm thine dhíghníomhachtaithe do-oibrithe ar bhealach do-athraithe (IO L 333, 19.12.2015, lch. 62).

([16]) Treoir Cur Chun Feidhme (AE) 2019/69 ón gCoimisiún an 16 Eanáir 2019 lena leagtar síos sonraíochtaí teicniúla le haghaidh airm rabhaidh agus chomhartha faoi Threoir 91/477/CEE ón gComhairle maidir le fáil agus seilbh arm a rialú (IO L 15, 17.1.2019, lch. 22).

(20) Na seiceálacha ar thaifid choiriúla na n-iarratasóirí le haghaidh údaruithe allmhairiúcháin, ba cheart iad a bheith chomh dian céanna leis na seiceálacha i leith údaruithe onnmhairiúcháin, agus ba cheart do na Ballstáit an fhaisnéis a fháil maidir le taifid choiriúla tríd an gcóras a bunaíodh le Cinneadh Réime 2009/315/CGB ón gComhairle ([17]). Ba cheart do na húdaráis inniúla a sheiceáil an bhfuil na hairm thine atá le allmhairiú cláraithe mar airm thine chaillte, mar airm thine ghoidte nó mar airm thine atá á lorg ar shlí eile lena n-urghabháil, trí Chóras Faisnéise Schengen (CFS). Le hAirteagal 47 de Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([18]), bunaítear go mbeidh rochtain ag na seirbhísí clárúcháin le haghaidh airm thine ar Chóras Faisnéise Schengen. Chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart údaráis inniúla a mheas mar sheirbhísí clárúcháin le haghaidh airm thine.

(21) Taifead coiriúil a bhaineann le hiompar ar cion é a liostaítear in Airteagal 2(2) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle ([19]), ba cheart sin a bheith ina chúis le hallmhairiú arm tine, comhpháirteanna bunriachtanacha agus armlón, arm rabhaidh agus comhartha, arm tine díghníomhachtaithe, arm tine leathchríochnaithe, comhpháirteanna bunriachtanacha leathchríochnaithe agus modhnóirí fuaime a thoirmeasc.

(22) Daoine nach bhfuil bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais, féadfaidh siad údarú a fháil chun airm thine, comhpháirteanna bunriachtanacha, armlón, airm rabhaidh agus chomhartha, airm thine dhíghníomhachtaithe nó modhnóirí fuaime a allmhairiú agus a onnmhairiú go sealadach chun críoch taispeántas, deisithe, fiaigh, lámhaigh spóirt nó aithriseoireachta staire. Ba cheart an fhaisnéis a bhaineann leis na hairm thine sin nó le hearraí eile arna ndearbhú le haghaidh cead isteach sealadach a leagan amach go soiléir, ionas go mbeidh na húdaráis chustaim agus údaráis inniúla eile in ann dul ar aghaidh go héifeachtúil leis an díluchtú agus teorainn a chur leis an riosca go bhfanfaidh na hairm thine sin nó earraí eile go neamhdhleathach ar chríoch chustaim an Aontais.

(23) Le hAirteagal 10 de Phrótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe ceadaítear do na Stáit is Páirtithe nósanna imeachta simplithe a ghlacadh maidir le hallmhairiú agus onnmhairiú sealadach chun críoch dleathach infhíoraithe. Dá bhrí sin, éascaíonn an Rialachán seo údaruithe le haghaidh il-lastas, bearta idirthurais agus allmhairiú agus onnmhairiú sealadach chun críoch taispeántas, meastóireachtaí, deisithe, fiaigh, lámhaigh spóirt agus aithriseoireachta staire.

(24) Tá riosca ann go n-atreorófar airm thine, comhpháirteanna bunriachtanacha, armlón, airm rabhaidh agus chomhartha, airm thine dhíghníomhachtaithe, airm thine leathchríochnaithe, comhpháirteanna bunriachtanacha leathchríochnaithe agus modhnóirí fuaime de thionscnamh tríú tír a thagann isteach i gcríoch chustaim an Aontais, agus a théann tríthi, a chuirtear faoi nós imeachta idirthurais custaim agus a bhfuil a gceann scríbe deiridh i dtríú tír. Dá bhrí sin, ba cheart d'údaráis chustaim agus d'údaráis inniúla an t-idirthuras sin a údarú go sainráite ar chríoch chustaim an Aontais sula ndéantar é.

(25) Chun an t-ualach riaracháin a theorannú, ba cheart daoine san Aontas atá údaraithe airm thine a shealbhú a dhíolmhú i gcásanna sonracha ón gceanglas údaruithe allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin a fháil. Mar sin féin, ar chúiseanna slándála agus chun rialuithe a éascú, ba cheart inrianaitheacht a choinneáil sna cásanna sin.

(26) Chun deimhneacht dhlíthiúil agus intuarthacht na ngluaiseachtaí a fheabhsú, ba cheart toiliú ó gach Ballstát a ndéanann an ghluaiseacht bheartaithe difear dóibh a fháil sula ndeonaítear Ballstát údarú allmhairiúcháin. Ba cheart toiliú comhchosúil a lorg nuair is i gcríoch Ballstáit eile atá an pointe ag a bhfuil sé beartaithe na hearraí a onnmhairítear go sealadach a theacht isteach an athuair.

(27) Leis an Rialachán seo, cuirtear ar chumas na mBallstát bearta a ghlacadh i réimse an allmhairiúcháin ar choinníoll go nglacfar na bearta sin i gcomhréir le CFAE. Ach níor cheart áis a bhaint as na toirmisc ná as na srianta sin le haghaidh idirdhealú treallach ná chun srianadh faoi cheilt a dhéanamh ar an trádáil. Ba cheart a chur in iúl don Choimisiún más rud é go measann Ballstát go bhféadfadh bearta cosanta a bheith riachtanach mar thoradh ar fhorbairtí neamhghnácha ar an margadh. Ba cheart a leagan síos leis an Rialachán seo na coinníollacha faoinar cheart don Choimisiún na bearta sin a údarú.

([17]) Cinneadh Réime 2009/315/CGB ón gComhairle an 26 Feabhra 2009 maidir le heagrú agus ábhar an mhalartaithe faisnéise a bhaintear as an taifead coiriúil idir na Ballstáit (IO L 93, 7.4.2009, lch. 23).

([18]) Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (CFS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1986/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2010/261/AE ón gCoimisiún (IO L 312, 7.12.2018, lch. 56).

([19]) Cinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir Ballstáit (IO L 190, 18.7.2002, lch. 1).

(28) Is gá a shoiléiriú gur cheart údarú onnmhairiúcháin a bheith ag duine ar mian leis nó léi airm thine, comhpháirteanna bunriachtanacha, armlón, airm thine dhíghníomhachtaithe, airm thine leathchríochnaithe, comhpháirteanna bunriachtanacha leathchríochnaithe agus modhnóirí fuaime a onnmhairiú. Maidir le hincháilitheacht chun iarratas a dhéanamh ar an údarú sin, ba cheart í a bheith teoranta d'onnmhaireoirí a bhfuil cead acu na hearraí sin a shealbhú, déileáil iontu nó bróicéireacht a dhéanamh orthu i gcomhréir le Treoir (AE) 2021/555.

(29) Ba cheart daoine a bhíonn ag onnmhairiú mar chuid dá ngníomhaíochtaí gnó a bheith in ann tairbhiú d'údarú onnmhairiúcháin atá bailí ar feadh 3 bliana ar a mhéad, lena n-áirítear má chumhdaítear é le roinnt údaruithe allmhairiúcháin gearrthéarmacha i ndiaidh a chéile arna n-eisiúint ag tríú tíortha is allmhaireoirí. Ba cheart údaruithe ginearálta breise ón Aontas a thabhairt isteach chun an t-ualach riaracháin a laghdú d'oibreoirí eacnamaíocha údaraithe maidir le slándáil agus sábháilteacht, ach amháin i leith na n-arm tine is contúirtí. Ba cheart na Ballstáit a bheith in ann údaruithe náisiúnta ginearálta onnmhairiúcháin a thabhairt isteach freisin i gcás ina measann siad gur gá sin.

(30) Sula n-údaraítear onnmhairiú, tá sé tábhachtach a fhíorú go bhfuil an t-allmhairiú comhfhreagrach údaraithe ag an tríú tír is allmhaireoir agus nach bhfuil agóidí le déanamh ag aon cheann de na tríú tíortha idirthurais i gcoinne na gluaiseachta sonraí. Chun deimhneacht dhlíthiúil agus intuarthacht a fheabhsú, ba cheart a mheas gur thug an tríú tír idirthurais a toiliú más rud é nach bhfuarthas aon agóid i gcoinne an idirthurais. Cinntí na mBallstát toiliú sainráite a éileamh, ní mór na cinntí sin a bheith trédhearcach do na hoibreoirí eacnamaíocha uile. Is é an t-onnmhaireoir is ceart a bheith freagrach as na doiciméid ábhartha a sholáthar do na húdaráis inniúla.

(31) Is gá na rialacha maidir le fianaise ar allmhairiú sa tríú tír cinn scríbe a chomhchuibhiú. Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith de cheangal ar dhaoine a bhíonn ag onnmhairiú cruthúnas a sholáthar don údarás inniúil a d'eisigh an t-údarú onnmhairiúcháin go bhfuarthas an lastas seolta d'airm thine, comhpháirteanna bunriachtanacha, armlón, airm rabhaidh agus chomhartha, airm thine dhíghníomhachtaithe, airm thine leathchríochnaithe, comhpháirteanna bunriachtanacha leathchríochnaithe agus modhnóirí fuaime sa tríú tír is allmhaireoir, agus ba cheart sin a áirithiú go háirithe trí na doiciméid ábhartha allmhairiúcháin chustaim a sholáthar.

(32) Agus údaruithe á ndeonú acu, ba cheart do na Ballstáit na hoibleagáidí atá orthu a chomhlíonadh maidir leis na bearta sriantacha a fhorchuirtear trí chinntí a ghlacann an Chomhairle nó trí chinneadh de chuid na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE) nó trí rún ceangailteach de chuid Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, go háirithe a mhéid a bhaineann le trádbhaic arm. A mhéid a chuirtear na hoibleagáidí idirnáisiúnta sin chun feidhme sa dlí náisiúnta, is iomchuí a shoiléiriú nach gcuireann an Rialachán seo cosc ar chur i bhfeidhm an dlí sin.

(33) Sula n-údaraítear onnmhairiú, is tábhachtach a fhíorú nár dhiúltaigh aon Bhallstát eile d'idirbheart atá comhionann go bunúsach leis roimhe sin. Chun an fíorú sin a éascú, ba cheart do na Ballstáit faisnéis maidir le diúltuithe a mhalartú. Chomh maith le malartú leictreonach faisnéise maidir le diúltuithe, ba cheart do na Ballstáit na bunachair sonraí ábhartha atá ann cheana a sheiceáil freisin, amhail an bunachar sonraí maidir le honnmhairiú gnáth-arm (COARM).

(34) Na coinníollacha maidir le húdarú a dheonú, is gá a áirithiú go leanfar de na coinníollacha sin a chomhlíonadh ar feadh ré an údaraithe, mar is amhlaidh i gcás údaruithe chun arm tine a shealbhú nó a fháil laistigh den Aontas de bhun Threoir (AE) 2021/555.

(35) Ba cheart do na húdaráis inniúla na húdaráis chustaim a chur ar an eolas faoi aon neamhniú, fionraí, modhnú nó cúlghairm ar údarú. An oibleagáid chun an fhaisnéis sin a chur ar fáil, ba cheart í a bheith gan dochar d'aon nós imeachta achomhairc atá infheidhme faoin dlí náisiúnta.

(36) Chun rioscaí atreoraithe a sheachaint agus an t-ualach riaracháin a theorannú an tráth céanna, is gá imscrúdú a dhéanamh ar chásanna amhrasacha inar cheart do na Ballstáit dearbhú a iarraidh ar údaráis an tríú tír cinn scríbe go bhfuarthas an lastas. Más rud é nach féidir an dearbhú sin go bhfuarthas an lastas a fháil ar chúis ar bith, ba cheart an fhaisnéis sin a thaifeadadh sa chóras ceadúnúcháin leictreonach ionas gur féidir tagairt di sa todhchaí.

(37) Is gá freagrachtaí na n-údarás inniúil a shoiléiriú maidir le seiceálacha iar-lastais.

(38) Chun críocha an Rialacháin seo, chun inrianaitheacht arm tine, comhpháirteanna bunriachtanacha, armlóin, arm rabhaidh agus comhartha, arm tine díghníomhachtaithe, arm tine leathchríochnaithe, comhpháirteanna bunriachtanacha leathchríochnaithe agus modhnóirí fuaime a áirithiú, is den ríthábhacht go ndeonófar rochtain do na húdaráis inniúla ar an bhFeidhmchlár Líonra um Malartú Slán Faisnéise (SIENA) de chuid Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol). Ba cheart an rochtain sin a bheith teoranta

agus comhréireach leis an gcuspóir atá ann na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo a chomhlíonadh. Ba cheart do na Ballstáit a chuireann Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([20]) i bhfeidhm an rochtain sin a dheonú.

(39) Chun cur chuige rioscabhunaithe measúnúcháin a chumasú maidir leis na hairm thine, na comhpháirteanna bunriachtanacha, an t-armlón, na hairm rabhaidh agus chomhartha, na hairm thine dhíghníomhachtaithe, na hairm thine leathchríochnaithe, na comhpháirteanna bunriachtanacha leathchríochnaithe agus na modhnóirí fuaime a liostaítear in Iarscríbhinn I, agus iad ag teacht isteach ar mhargadh an Aontais nó ag fágáil an mhargaidh sin, agus chun a áirithiú go mbeidh na seiceálacha éifeachtach agus go ndéanfar iad i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin seo, ba cheart don Choimisiún, do na húdaráis inniúla agus do na húdaráis chustaim oibriú i ndlúthchomhar le chéile agus faisnéis a mhalartú.

(40) Chun rianú arm tine a éascú agus chun gáinneáil aindleathach arm tine, comhpháirteanna bunriachtanacha, armlóin, arm rabhaidh agus comhartha, arm tine díghníomhachtaithe, arm tine leathchríochnaithe, comhpháirteanna bunriachtanacha leathchríochnaithe agus modhnóirí fuaime a chomhrac go héifeachtúil, is gá an malartú faisnéise idir Ballstáit a fheabhsú, go háirithe trí úsáid níos fearr a bhaint as na bealaí cumarsáide atá ann cheana agus tríd an nGrúpa Comhordúcháin um Allmhairiú agus Onnmhairiú Arm Tine agus trí chomhar idirnáisiúnta.

(41) Tá sonraí pearsanta le próiseáil i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos i Rialacháin (AE) 2016/679 ([21]) agus (AE) 2018/1725 ([22]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

(42) Ba cheart comhleanúnachas a áirithiú maidir leis na forálacha i ndáil le taifead a choinneáil atá i bhfeidhm faoi dhlí an Aontais.

(43) Áirítear go háirithe in *acquis* Schengen Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin (SCH/Com-ex (99) 10) ([23]), ar dá bhun a dhéanfaidh na Ballstáit a sonraí bliantúla náisiúnta don bhliain roimhe sin maidir le trádáil neamhdhleathach arm tine a chur isteach faoin 31 Iúil gach bliain, ar bhonn an tábla lena mbaineann chun staidreamh a thiomsú. Ina theannta sin, sa mholadh uaidh an 17 Aibreán 2018 maidir le bearta láithreacha chun feabhas a chur ar shlándáil na mbeart onnmhairiúcháin, allmhairiúcháin agus idirthurais le haghaidh airm thine, a bpáirteanna, a gcomhpháirteanna bunriachtanacha agus a n-armlóin, mhol an Coimisiún gur cheart do na Ballstáit staidreamh mionsonraithe a bhailiú don bhliain roimhe sin maidir le líon na n-údaruithe agus na ndiúltuithe chomh maith le cainníochtaí agus luachanna na n-onnmhairí agus na n-allmhairí arm tine, de réir tionscnaimh nó ceann scríbe, agus an staidreamh sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Leis an Rialachán seo, ba cheart a chur ar chumas an Choimisiúin na sonraí sin a bhailiú go díreach ó na córais leictreonacha a bhunaítear chun an Rialachán seo a chur chun feidhme. Ba cheart an staidreamh a anaithnidiú agus a cheapadh sa chaoi nár cheart a bheith in ann tátal a bhaint as maidir le déileálaithe sonracha, fiú go hindíreach.

(44) Ba cheart don Choimisiún sonraí na mBallstát a thiomsú agus a fhoilsiú mar chuid de thuarascáil bhliantúil faoin 31 Deireadh Fómhair gach bliain. Ba cheart an tuarascáil a chur ar fáil don phobal agus a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

(45) Sula bhfoilsítear an tuarascáil bhliantúil, tá an Coimisiún le dul i gcomhairle leis an nGrúpa Comhordúcháin um Allmhairiú agus Onnmhairiú Arm Tine chun a fhíorú nár cuireadh aon fhaisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de leis an dréacht-tuarascáil.

(46) Ba cheart córas ceadúnúcháin leictreonach a bhunú chun na nósanna imeachta a leagtar amach sa Rialachán seo a dhigitiú. Is den tábhacht go gcláraítear duine atá i dteideal údarú a iarraidh sa chóras sin sula gcuirtear tús leis an nós imeachta iarratais. Ós rud é gurb é an córas ceadúnúcháin leictreonach an bonn teicniúil le haghaidh chur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart é a bheith ag feidhmiú ina iomláine a luaithe is féidir.

([20]) Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin (IO L 135, 24.5.2016, lch. 53).

([21]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

([22]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

([23]) Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 28 Aibreán 1999 maidir le trádáil neamhdhleathach arm tine (SCH/Com-ex (99) 10) (IO L 239, 22.9.2000, lch. 469).

(47) I cás ina gcoinníonn na Ballstáit na córais náisiúnta leictreonacha údarúcháin atá acu cheana ar bun, ba cheart an córas ceadúnúcháin leictreonach a bhunaítear leis an Rialachán seo a bheith in ann idirnascadh leis na córais náisiúnta leictreonacha údarúcháin sin. Ba cheart a áirithiú leis an idirnascadh sin aistriú na faisnéise maidir le húdaruithe a dheonaítear trí na córais náisiúnta leictreonacha údarúcháin chuig an gcóras ceadúnúcháin leictreonach.

(48) Ba cheart forfheidhmiú foriomlán an Rialacháin seo a éascú tríd an gcóras ceadúnúcháin leictreonach a bhunaítear leis an Rialachán seo a idirnascadh le Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam a bhunaítear le Rialachán (AE) 2022/2399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (an 'Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam') ([24]). Chun na críche sin agus i gcomhréir le hAirteagal 5(6) de Rialachán (AE) 2022/2399, ba cheart don Choimisiún Cuid A den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú. Nuair a dhéantar earraí a allmhairiú nó a onnmhairiú ar bhonn sealadach trí úsáid a bhaint as Carnet ATA, a leagtar amach i bhFoscríbhinn I a ghabhann le hIarscríbhinn A a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le cead isteach sealadach (Coinbhinsiún Iostanbúl) ([25]), ba cheart do na húdaráis inniúla faisnéis a fháil maidir le húsáid Carnet ATA. Cé nach féidir an fhaisnéis sin a mhalartú go huathoibríoch sa mhéid nach gcuireann na páirtithe conarthacha go léir córas digiteach Carnet ATA i bhfeidhm, ba cheart féachaint ar uathoibriú breise bunaithe ar idir-inoibritheacht a d'fhéadfadh a bheith ann le córas e-ATA, an córas leictreonach chun doiciméid Carnet ATA a riar.

(49) Chun a áirithiú go gcuirtear an Rialachán seo i bhfeidhm mar is ceart, ba cheart do na Ballstáit bearta a ghlacadh chun na cumhachtaí iomchuí a thabhairt do na húdaráis inniúla.

(50) Chun Prótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe a chomhlíonadh, ceanglaítear freisin go ndéanfar cionta coiriúla de mhonarú agus gáinneáil aindleathach arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna bunriachtanacha agus a n-armlóin, agus go ndéanfar bearta a ghlacadh chun gur féidir earraí a mhonaraítear nó a ndéantar gáinneáil orthu sa tslí sin a choigistiú.

(51) Ba cheart do na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo a leagan síos agus ba cheart dóibh gach beart is gá a ghlacadh lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Ba cheart na pionóis sin a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

(52) An córas cosanta sceithirí arna chur i bhfeidhm le Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([26]), ba cheart feidhm a bheith ag an gcóras sin freisin maidir le daoine a thuairiscíonn sáruithe ar rialacha a bhaineann le hallmhairí agus onnmhairí arm tine.

(53) Chun údarú ginearálta allmhairiúcháin an Aontais agus údarú ginearálta onnmhairiúcháin an Aontais a bhunú le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha údaraithe ar mhaithe le slándáil agus sábháilteacht trí fhormáid, úsáid agus bailíocht gheografach na gcineálacha údaruithe sin a shonrú, chun an chuid de Carnet ATA mar a léireofar an tagairt don údarú a chinneadh, chun liosta na n-arm tine, comhpháirteanna bunriachtanacha, an armlóin agus na n-arm rabhaidh agus comhartha a bhfuil údarú ag teastáil ina leith faoin Rialachán seo a choinneáil, agus chun Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo a ailíniú le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle ([27]) agus le hIarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2021/555, chomh maith le hIarscríbhinní II, III agus IV a ghabhann leis an Rialachán seo a oiriúnú don digitiú agus do na hathruithe ar na nósanna imeachta custaim, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean don Choimisiún. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ([28]). Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(54) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([29]).

([24]) Rialachán (AE) 2022/2399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 lena mbunaítear Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custaim agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 (IO L 317, 9.12.2022, lch. 1).

([25]) IO L 130, 27.5.1993, lch. 4.

([26]) Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais (IO L 305, 26.11.2019, lch. 17).

([27]) Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1).

([28]) IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

([29]) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(55) Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit a chéile a chur ar an eolas faoi na bearta a ghlactar faoin Rialachán seo agus faoi fhaisnéis ábhartha eile atá ar fáil dóibh i dtaobh an Rialacháin seo.

(56) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le saintréithe teicniúla arm tine leathchríochnaithe, comhpháirteanna bunriachtanacha leathchríochnaithe agus modhnóirí fuaime a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

(57) I gcás srianta cainníochtúla náisiúnta, ní dhéanann údaruithe arna ndeonú ag an gCoimisiún difear ach ar chríoch Ballstáit áirithe. Dá bhrí sin, i bhfianaise raon feidhme geografach teoranta an tsriain, chomh maith le hAirteagal 2(3) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, tá údar maith ag an gCoimisiún na húdaruithe sin a dheonú trí ghníomh cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin a leagtar amach in Airteagal 4 den Rialachán sin.

(58) Leis an Rialachán seo, níor cheart bac a chur ar Bhallstáit a rialacha bunreachtúla maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid oifigiúla a chur i bhfeidhm, agus Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([30]) á chur san áireamh.

(59) I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, is gá agus is iomchuí rialacha a leagan síos maidir le húdaruithe le haghaidh allmhairiú, onnmhairiú agus idirthuras arm tine sibhialtach chun inrianaitheacht a fheabhsú agus, ar an gcaoi sin, slándáil na trádála arm tine a fheabhsú, ar bunchuspóir é an méid sin. Ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí arna saothrú a ghnóthú, i gcomhréir le hAirteagal 5(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

ÁBHAR, SAINMHÍNITHE AGUS RAON FEIDHME

Airteagal 1

Ábhar

Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha lena rialáiltear údarú allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin agus bearta allmhairiúcháin, onnmhairiúcháin agus idirthurais le haghaidh earraí liostaithe, chun Airteagal 10 de Phrótacal na Náisiún Aontaithe in aghaidh Monarú agus Gáinneáil Aindleathach Arm Tine, a bPáirteanna agus a gComhpháirteanna agus a nArmlóin, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta ('Prótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe') a chur i bhfeidhm.

Airteagal 2

Sainmhínithe

1. Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'earraí liostaithe' airm thine, comhpháirteanna bunriachtanacha, armlón, airm rabhaidh agus chomhartha, airm thine dhíghníomhachtaithe, airm thine leathchríochnaithe, comhpháirteanna bunriachtanacha leathchríochnaithe agus modhnóirí fuaime a liostaítear in Iarscríbhinn I;

(2) ciallaíonn 'arm tine' arm tine mar a shainmhínítear in Airteagal 1(1), pointe (1), de Threoir (AE) 2021/555;

(3) ciallaíonn 'modhnóir fuaime' gléas atá ceaptha nó oiriúnaithe chun fuaim airm tine arna scaoileadh a mhaolú;

(4) ciallaíonn 'comhpháirt bhunriachtanach' comhpháirt bhunriachtanach mar a shainmhínítear in Airteagal 1(1), pointe (2), de Threoir(AE) 2021/555;

([30]) Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).

(5) ciallaíonn ‘airm thine leathchríochnaithe’ airm thine nach bhfuil réidh lena n-úsáid go díreach agus a bhfuil garchruth nó gar-imlíne na n-arm tine comhfhreagrach críochnaithe acu, agus nach féidir a úsáid ach amháin chun na hairm thine chríochnaithe sin a dhéanamh díobh, seachas i gcásanna eisceachtúla;

(6) ciallaíonn ‘comhpháirteanna bunriachtanacha leathchríochnaithe’ comhpháirteanna bunriachtanacha nach bhfuil réidh lena n-úsáid go díreach agus a bhfuil garchruth nó gar-imlíne na gcomhpháirteanna bunriachtanacha comhfhreagracha críochnaithe acu, agus nach féidir a úsáid ach amháin chun na comhpháirteanna críochnaithe sin a dhéanamh díobh, seachas i gcásanna eisceachtúla;

(7) ciallaíonn ‘armlón’ armlón mar a shainmhínítear in Airteagal 1(1), pointe (3), de Threoir (AE) 2021/555;

(8) ciallaíonn ‘airm thine dhíghníomhachtaithe’ airm thine dhíghníomhachtaithe mar a shainmhínítear in Airteagal 1(1), pointe (6), de Threoir (AE) 2021/555;

(9) ciallaíonn ‘airm rabhaidh agus chomhartha’ airm rabhaidh agus chomhartha mar a shainmhínítear in Airteagal 1(1), pointe (4), de Threoir (AE) 2021/555;

(10) ciallaíonn ‘duine’ duine nádúrtha, duine dlítheanach nó, i gcás ina bhforáiltear dó sin faoi na rialacha atá i bhfeidhm, aon chomhlachas daoine a n-aithnítear go bhfuil an inniúlacht aige gníomhartha dlí a dhéanamh ach nach bhfuil stádas dlíthiúil duine dhlítheanaigh aige;

(11) ciallaíonn ‘críoch chustaim an Aontais’ an chríoch custaim dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;

(12) ciallaíonn ‘earraí de chuid an Aontais’ earraí de chuid an Aontais mar a shainmhínítear in Airteagal 5, pointe (23), de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;

(13) ciallaíonn ‘earraí nach earraí de chuid an Aontais iad’ earraí nach earraí de chuid an Aontais iad mar a shainmhínítear in Airteagal 5, pointe (24), de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;

(14) ciallaíonn ‘údaráis chustaim’ údaráis chustaim mar a shainmhínítear in Airteagal 5, pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;

(15) ciallaíonn ‘reachtaíocht chustaim’ an reachtaíocht chustaim mar a shainmhínítear in Airteagal 5, pointe (2), de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;

(16) ciallaíonn ‘foirmiúlachtaí custaim’ foirmiúlachtaí custaim mar a shainmhínítear in Airteagal 5, pointe (8), de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;

(17) ciallaíonn ‘rialuithe custaim’ rialuithe custaim mar a shainmhínítear in Airteagal 5, pointe (3), de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;

(18) ciallaíonn ‘dearbhú custaim’ dearbhú custaim mar a shainmhínítear in Airteagal 5, pointe (12), de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;

(19) ciallaíonn ‘teacht isteach’ teacht isteach fisiceach earraí nach earraí de chuid an Aontais iad i gcríoch chustaim an Aontais;

(20) ciallaíonn ‘allmhairiú’ earraí a thabhairt isteach i gcríoch chustaim an Aontais, agus earraí a scaoileadh i saorchúrsaíocht mar a leagtar síos in Airteagal 201 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, nó iad a chur faoi nós imeachta speisialta mar a leagtar síos in Airteagal 210 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;

(21) ciallaíonn ‘allmhaireoir’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach a dhéanann dearbhú custaim le haghaidh allmhaire thar a cheann nó ceann féin, nó a ndéantar an dearbhú thar a cheann nó ceann, nó sealbhóir an nós imeachta i gcás idirthurais;

(22) ciallaíonn ‘onnmhairiú’ nós imeachta onnmhairithe de réir bhrí Airteagal 269 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, lena n-áirítear na cásanna a shonraítear in Airteagal 269(2), pointí (a), (b) agus (c), de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;

(23) ciallaíonn ‘athonnmhairiú’ athonnmhairiú de réir bhrí Airteagail 270, 271 agus 274 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;

(24) ciallaíonn ‘imeacht’ imeacht fisiceach earraí ó chríoch chustaim an Aontais;

(25) ciallaíonn ‘onnmhaireoir’:

(a) aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais, a dhéanann dearbhú custaim onnmhairiúcháin nó a ndéantar an dearbhú sin thar a cheann nó ceann agus, tráth a ghlactar leis an dearbhú, a bhfuil an conradh leis an gcoinsíní sa tríú tír ina sheilbh nó ina seilbh agus a bhfuil sé de chumhacht aige nó aici a chinneadh go seolfar na hearraí liostaithe amach as críoch chustaim an Aontais; i gcás nach bhfuil aon chonradh onnmhairiúcháin curtha i gcrích nó i gcás nach ngníomhaíonn sealbhóir an chonartha thar a cheann nó ceann féin, ciallaíonn ‘onnmhaireoir’ an duine a bhfuil sé de chumhacht aige nó aici a chinneadh go seolfar na hearraí liostaithe amach as críoch chustaim an Aontais;

(b) aon duine nádúrtha nó dlítheanach a dhéanann dearbhú athonnmhairiúcháin, dearbhú imeachta achomair nó fógra athonnmhairiúcháin, nó a ndéantar aon cheann díobh sin thar a cheann nó ceann agus, tráth a ghlactar leis an dearbhú nó leis an bhfógra athonnmhairiúcháin, a bhfuil an conradh leis an gcoinsíní sa tríú tír ina sheilbh nó seilbh agus a bhfuil sé de chumhacht aige nó aici a chinneadh go seolfar na hearraí liostaithe amach as críoch chustaim an Aontais; i gcás nach bhfuil aon chonradh onnmhairiúcháin curtha i gcrích nó i gcás nach ngníomhaíonn sealbhóir an chonartha thar a cheann nó ceann féin, ciallaíonn 'onnmhaireoir' an duine a bhfuil sé de chumhacht aige nó aici a chinneadh go seolfar na hearraí liostaithe amach as críoch chustaim an Aontais; nó

(c) i gcás nach bhfuil pointe (a) ná pointe (b) infheidhme, aon duine nádúrtha atá ag taisteal le hearraí liostaithe mar chuid dá ngiuirléidí faoi thionlacan;

(26) ciallaíonn 'dearbhóir' dearbhóir mar a shainmhínítear in Airteagal 5, pointe (15), de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;

(27) ciallaíonn 'déileálaí' déileálaí mar a shainmhínítear in Airteagal 1(1), pointe (9), de Threoir (AE) 2021/555;

(28) ciallaíonn 'bróicéir' bróicéir mar a shainmhínítear in Airteagal 1(1), pointe (10), de Threoir (AE) 2021/555;

(29) ciallaíonn 'taispeántas' aonach trádála nó imeacht comhchosúil mar a dhéantar tuairisc in Airteagal 90(2), pointe (a), de Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 ón gComhairle ([31]), nach ndíoltar earraí liostaithe ó thríú tíortha ná le tríú tíortha ann;

(30) ciallaíonn 'onnmhairiú sealadach' onnmhairiú earraí liostaithe ó chríoch chustaim an Aontais agus é beartaithe na hearraí sin a allmhairiú ar ais isteach i gcríoch chustaim an Aontais;

(31) ciallaíonn 'próiseáil isteach' próiseáil isteach de réir bhrí Airteagal 256 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;

(32) ciallaíonn 'idirthuras' na nósanna imeachta idirthurais de réir bhrí Theideal VII, Caibidil 2, de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;

(33) ciallaíonn 'cead isteach sealadach' cead isteach sealadach de réir bhrí Airteagal 250 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;

(34) ciallaíonn 'trasloingsiú' gluaiseacht lena mbaineann an oibríocht fhisiciúil trína ndéantar earraí liostaithe a dhíluchtú ó mhodh iompair amháin go modh iompair eile;

(35) ciallaíonn 'gáinneáil aindleathach' allmhairiú, onnmhairiú, díolachán, seachadadh, gluaiseacht nó aistriú earraí liostaithe chuig críoch Bhallstáit ó chríoch tríú tír, ó chríoch Bhallstáit chuig críoch tríú tír nó trasna críche Ballstáit chuig críoch tríú tír nó ó chríoch tríú tír, má tá feidhm ag aon cheann díobh seo a leanas:

(a) níl an méid sin údaraithe ag an mBallstát lena mbaineann i gcomhréir leis an Rialachán seo;

(b) níl na hearraí liostaithe marcáilte i gcomhréir leis na rialacha maidir le marcáil dá dtagraítear in Airteagal 6(1); nó

(c) dearbhaítear go scaoilfear na hearraí liostaithe i saorchúrsaíocht gan an mharcáil a cheanglaítear sna rialacha maidir le marcáil dá dtagraítear in Airteagal 6(2), mura rud é go ndíolmhaítear iad i gcomhréir le míreanna 2 nó 3 den Airteagal sin;

(36) ciallaíonn 'údarás inniúil' na húdaráis náisiúnta dá bhforáiltear in Airteagal 40(2);

(37) ciallaíonn 'córas ceadúnúcháin leictreonach' an córas dá dtagraítear in Airteagal 34.

2. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme maidir leis na rialacha mionsonraithe i ndáil le saintréithe teicniúla modhnóirí fuaime, arm tine leathchríochnaithe agus comhpháirteanna bunriachtanacha leathchríochnaithe, de réir bhrí mhír 1, pointí (3), (5) agus (6), den Airteagal seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 43(3).

Airteagal 3

Raon feidhme

Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an méid a leanas:

([31]) Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 ón gComhairle an 16 Samhain 2009 lena mbunaítear Córas Comhphobail d'fhaoisimh ó dhleacht chustaim (IO L 324, 10.12.2009, lch. 23).

(a) idirbhearta ó stát go stát ná aistrithe stáit;

(b) earraí liostaithe de Chatagóir A, ar choinníoll go n-áirítear iad i Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh ([32]), arna n-onnmhairiú nó arna n-athonnmhairiú ó chríoch chustaim an Aontais, mura n-onnmhairítear nó mura n-athonnmhairítear go sealadach iad i gcomhréir le hAirteagal 22 den Rialachán seo;

(c) earraí liostaithe de Chatagóir B, ar choinníoll go n-áirítear iad i Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh, arna n-onnmhairiú nó arna n-athonnmhairiú ó chríoch chustaim an Aontais agus atá ceaptha le haghaidh na bhfórsaí armtha, na bpóilíní nó na n-údarás poiblí;

(d) earraí liostaithe de Chatagóirí A, B agus C atá ceaptha le haghaidh na bhfórsaí armtha, na bpóilíní, nó údaráis phoiblí na mBallstát;

(e) airm thine sheanda mar a shainmhínítear iad i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta, ar choinníoll nach n-áirítear le hairm thine sheanda airm thine a monaraíodh tar éis 1899.

Airteagal 4

Maoluithe ar fhoirmiúlachtaí custaim an Aontais

1. Maidir leis na hearraí liostaithe, ní dhéanfar an méid a leanas:

(a) iad a chur faoi nós imeachta custaim bunaithe ar dhearbhú simplithe a bunaíodh faoi Airteagal 166 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;

(b) iad a chur faoi réir iontráil i dtaifead an dearbhóra de bhun Airteagal 182 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;

(c) iad a chur faoi réir féinmheasúnú de bhun Airteagal 185 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;

(d) iad a dhearbhú le dearbhú custaim ina bhfuil an tacar sonraí sonrach dá dtagraítear in Airteagal 143a de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446;

(e) iad a dhearbhú le dearbhú custaim ina bhfuil an tacar sonraí laghdaithe dá dtagraítear in Airteagal 144 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446; nó

(f) iad a dhearbhú trí bhíthin dearbhú ó bhéal nó aon ghníomh eile dá dtagraítear in Airteagail 135 go 141 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446.

2. Maidir le húdaruithe aonair le haghaidh nósanna imeachta simplithe atá fós bailí de bhun Airteagal 345(4) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún ([33]), ní bheidh feidhm ag mír 1, pointí (a) ná (b), den Airteagal seo maidir le hearraí liostaithe.

CAIBIDIL II

CEANGLAIS TEACHT ISTEACH AGUS ALLMHAIRIÚCHÁIN

Airteagal 5

Cúraimí na n-allmhaireoirí

1. Déanfaidh na hallmhaireoirí an méid seo a leanas:

(a) a áirithiú go gcomhlíonann na hearraí liostaithe atá beartaithe lena n-allmhairiú an méid a leanas:

(i) na rialacha maidir le marcáil a leagtar amach in Airteagal 6;

([32]) Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh arna ghlacadh ag an gComhairle an 19 Feabhra 2024 (trealamh a chumhdaítear le Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle lena sainítear comhrialacha faoina rialaítear rialú onnmhairithe teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata) (a dhéanfaidh Liosta Comhchoiteann Míleata nuashonraithe an Aontais Eorpaigh a nuashonrú agus a thiocfaidh ina ionad, arna ghlacadh ag an gComhairle an 20 Feabhra 2023 (IO C 72, 28 Feabhra 2023, lch. 2)) (CBES) (IO C, C/2024/1945, 1.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1945/oj).

([33]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558).

(ii) na rialacha maidir le díghníomhachtú a leagtar amach in Airteagal 7, i gcás inarb infheidhme; agus

(iii) na rialacha maidir le bheith neamh-intiontaithe a leagtar amach in Airteagal 8, i gcás inarb infheidhme;

(b) na doiciméid uile de réir na rialacha dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo agus an doiciméadacht ábhartha de réir Airteagail 9, 11 agus 12 den Rialachán seo a choinneáil ar fáil don údarás inniúil ar feadh na tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;

(c) ar iarraidh ón údarás inniúil, an t-údarú onnmhairiúcháin ón tríú tír is onnmhaireoir nó, i gcás inarb infheidhme, an eisceacht ón údarú sin a sholáthar don údarás sin;

(d) nuair atá cúis ann lena chreidiúint go bhféadfadh sé nach gcomhlíonann na hearraí liostaithe an Rialachán seo, Treoir (AE) 2021/555 nó gníomhartha dlí atá bunaithe ar na gníomhartha sin, an méid sin a chur in iúl don údarás inniúil gan mhoill; agus

(e) oibriú i gcomhar leis an údarás inniúil, lena n-áirítear, tar éis iarraidh a fháil, a áirithiú go ndéanfar an ghníomhaíocht cheartaitheach is gá láithreach chun aon chás maidir le neamhchomhlíonadh na gceanglas a leagtar amach sna gníomhartha dá dtagraítear i bpointe (d) a leigheas.

2. Leis na hoibleagáidí faoi mhír 1 den Airteagal seo, ní dhéanfar difear d'aon oibleagáidí atá ar allmhaireoirí faoi Threoir (AE) 2021/555 nó faoi na gníomhartha dlí atá bunaithe ar an Treoir sin.

Airteagal 6

Marcáil tráth an allmhairithe

1. Ní dhéanfar airm thine nach bhfuil marcáil orthu i gcomhréir le hAirteagal 8(1), pointe (a), de Phrótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe, a thagann isteach ar chríoch chustaim an Aontais, a allmhairiú ná a athonnmhairiú.

2. Ní fhéadfar na hearraí liostaithe a dhearbhú lena scaoileadh i saorchúrsaíocht ach amháin má chomhlíonann siad ceanglais mharcála Airteagal 4 de Threoir (AE) 2021/555 agus Airteagal 8(1), pointe (b), de Phrótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe, cé is moite d'earraí den sórt sin arna n-allmhairiú ag déileálaithe, a bhfuil cead acu na ceanglais sin a chomhlíonadh gan mhoill tar éis a scaoilte i saorchúrsaíocht.

3. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo maidir le hearraí liostaithe a bhfuil tábhacht stairiúil faoi leith ag baint leo, i gcomhréir le hAirteagal 4(2), an dara fomhír, de Threoir (AE) 2021/555.

Airteagal 7

Airm thine dhíghníomhachtaithe

1. Ní dhéanfar gléasanna a dhearbhaítear mar airm thine dhíghníomhachtaithe a dhearbhú lena scaoileadh i saorchúrsaíocht nó le haghaidh cead isteach sealadach i gcomhréir le hAirteagal 10 den Rialachán seo ach amháin má tá an deimhniú ábhartha díghníomhachtúcháin ag gabháil leo agus má tá siad marcáilte, i gcomhréir le hAirteagal 15 de Threoir (AE) 2021/555.

2. Soláthróidh an t-allmhaireoir cóip den deimhniú díghníomhachtúcháin don údarás inniúil tríd an gcóras ceadúnúcháin leictreonach.

Airteagal 8

Airm rabhaidh agus chomhartha

1. Ní dheonóidh an t-údarás inniúil údarú allmhairiúcháin le haghaidh airm rabhaidh agus chomhartha ach amháin má chomhlíonann an gléas na sonraíochtaí teicniúla dá dtagraítear in Airteagal 14(2) de Threoir (AE) 2021/555 nó más cineál é a liostaítear mar arm aláraim agus comhartha neamh-intiontaithe sa ghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo.

2. Bunóidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, liosta oscailte de chineálacha arm rabhaidh agus comhartha neamh-intiontaithe dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo agus liosta oscailte de na gléasanna a dhearbhaítear mar airm rabhaidh agus chomhartha ach arb eol iad a bheith intiontaithe. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 43(3).

Airteagal 9

Údarú allmhairiúcháin

1. D'ainneoin Airteagail 11 agus 12, beidh gá le húdarú allmhairiúcháin chun earraí nach earraí de chuid an Aontais iad a liostaítear in Iarscríbhinn I a theacht isteach ar chríoch chustaim an Aontais. Is é údarás inniúil an Bhallstáit cinn scríbe deiridh a dheonóidh an t-údarú allmhairiúcháin.

2. Beidh an fhaisnéis a liostaítear in Iarscríbhinn II san údarú allmhairiúcháin, agus eiseofar tríd an gcóras ceadúnúcháin leictreonach é i gceann de na cineálacha seo a leanas:

(a) údarú aonair le haghaidh lastas amháin d'earra liostaithe amháin nó níos mó a liostaítear in Iarscríbhinn I, a bheidh bailí ar feadh 1 bhliain amháin ar a mhéad;

(b) údarú iolrach le haghaidh il-lastas d'earra liostaithe amháin nó níos mó, a bheidh bailí ar feadh uastréimhse 3 bliana;

(c) údarú ginearálta ón Aontas le haghaidh earraí liostaithe de Chatagóir B nó C atá ar fáil d'oibreoirí eacnamaíocha údaraithe le haghaidh na slándála agus na sábháilteachta de bhun Airteagal 38(2), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, ar údarú é atá bailí le haghaidh allmhairí ó thíortha tionscnaimh sonraithe.

3. Aon duine nádúrtha nó dlítheanach dá gceadaítear, de bhun Threoir (AE) 2021/555, earraí liostaithe a mhonarú, a fháil, a shealbhú nó a thrádáil, cé is moite d'airm thine leathchríochnaithe agus comhpháirteanna bunriachtanacha leathchríochnaithe, beidh duine den sórt sin i dteideal iarratas a dhéanamh ar údarú allmhairiúcháin.

4. Is déileálaithe agus bróicéirí amháin a bheidh i dteideal iarratas a dhéanamh ar údarú allmhairiúcháin le haghaidh airm thine leathchríochnaithe agus comhpháirteanna bunriachtanacha leathchríochnaithe.

5. Mura bhfuil duine nádúrtha nó dlítheanach i dteideal iarratas a dhéanamh ar údarú allmhairiúcháin faoi mhíreanna 3 nó 4, ní ghlacfaidh an t-údarás inniúil le hiarratas ón duine sin.

Airteagal 10

Nós imeachta um údarú allmhairiúcháin

1. Déanfaidh an t-údarás inniúil iarratais ar údaruithe allmhairiúcháin a phróiseáil laistigh de thréimhse nach faide ná 90 lá oibre ón dáta a bhfuil an fhaisnéis riachtanach go léir soláthartha don údarás inniúil. Ar chúiseanna a bhfuil údar cuí leo, agus i gcás aon iarratas a bhaineann le hearraí liostaithe de Chatagóir A, féadfar an tréimhse sin a fhadú go 110 lá oibre.

2. Diúltóidh an t-údarás inniúil údarú allmhairiúcháin a thabhairt más fíor an méid seo a leanas:

(a) is duine nádúrtha an t-iarratasóir agus tá taifead coiriúil ag an duine sin a bhaineann le hiompar ar cion é a liostaítear in Airteagal 2(2) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB, nó a bhaineann le hiompar ar bith eile ar choinníoll gurbh iompar é is inphionóis le huasphionós 4 bliana ar a laghad sa phríosún;

(b) is duine dlítheanach an t-iarratasóir, agus tá taifead coiriúil dá dtagraítear i bpointe (a) ag duine de na daoine seo a leanas a bhfuil baint acu leis an duine dlítheanach sin:

(i) an t-iarratasóir; nó

(ii) na daoine atá i gceannas ar an iarratasóir nó a fheidhmíonn rialú ar bhainistíocht an iarratasóra;

(c) dearbhaíodh sna bunachair sonraí ábhartha ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal idirnáisiúnta gur cailleadh nó gur goideadh an t-arm tine a bhí le hallmhairiú, go bhfuil imscrúdú á dhéanamh air, nó gur lorgaíodh ar shlí eile é lena urghabháil;

(d) tá comharthaí soiléire ann a thugann le fios gur bagairt slándála nó bagairt don tsábháilteacht phoiblí aon duine de na daoine a bhfuil baint acu leis an idirbheart nó nach bhfuil na daoine dá dtagraítear i bpointe (a) nó (b) den mhír seo in ann na hoibleagáidí a fhorchuirtear orthu le Treoir (AE) 2021/555, leis an Rialachán seo nó le haon údaruithe arna n-eisiúint maidir lena n-airm thine a chomhlíonadh.

3. Agus cinneadh á dhéanamh an dtabharfar nó nach dtabharfar údarú allmhairiúcháin, cuirfidh an t-údarás inniúil na breithnithe ábhartha ar fad san áireamh, lena n-áirítear na breithnithe sin maidir leis an mbeartas náisiúnta eachtrach agus slándála. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 24.

4. Chun críocha mhír 2 den Airteagal seo, gheobhaidh na Ballstáit an fhaisnéis faoi chiontuithe coiriúla a rinne an t-iarratasóir roimhe sin i mBallstáit eile tríd an gcóras a bunaíodh le Cinneadh Réime 2009/315/CGB.

5. Chun críocha mhír 2, pointe (c), seiceálfaidh na Ballstáit nach bhfuil an t-arm tine atá i gceist liostaithe i gCóras Faisnéise Schengen.

6. Déanfaidh an t-údarás inniúil údarú allmhairiúcháin a neamhniú, a chur ar fionraí, a mhodhnú nó a chúlghairm mura gcomhlíontar na coinníollacha chun é a dheonú nó mura bhfuil siad á gcomhlíonadh a thuilleadh. I gcás ina ndéanann an t-údarás inniúil na cinntí sin, cuirfidh sé an fhaisnéis sin ar fáil gan mhoill do na húdaráis chustaim tríd an gcóras ceadúnúcháin leictreonach.

7. I gcás inar dhiúltaigh an t-údarás inniúil údarú allmhairiúcháin a dheonú, déanfar a chinneadh críochnaitheach agus an réasúnú a bhí leis a chlárú sa chóras ceadúnúcháin leictreonach.

8. Déanfaidh an t-údarás inniúil faireachán ar cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar na coinníollacha maidir le húdaruithe allmhairiúcháin ar bhonn bainistiú riosca. Déanfar faireachán tar éis 2 bhliain ar choinníollacha na n-údaruithe allmhairiúcháin a dheonaítear ar feadh tréimhse is faide ná 2 bhliain.

Airteagal 11

Údarú allmhairiúcháin le haghaidh earraí nach earraí de chuid an Aontais iad a thagann isteach go sealadach i gcríoch chustaim an Aontais

1. Earraí nach earraí de chuid an Aontais iad a liostaítear in Iarscríbhinn I, féadfaidh siad teacht isteach go sealadach i gcríoch chustaim an Aontais nuair a ghabhann údarú allmhairiúcháin aonair leo arna iarraidh ag allmhaireoir nach bhfuil bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais.

2. Ní fhéadfar údarú allmhairiúcháin aonair a dheonú d'allmhaireoirí nach bhfuil bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais i leith na n-earraí liostaithe ach amháin sna cásanna seo a leanas:

(a) cead isteach sealadach na n-earraí ar bhonn lena meas, lena dtaispeáint nó lena bpróiseáil isteach le haghaidh a ndeisithe, ar choinníoll gur maoin de chuid duine atá bunaithe lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais i gcónaí iad na hearraí liostaithe agus go n-athonnmhairítear na hearraí sin chuig an duine sin;

(b) cead isteach sealadach na n-earraí, arna dhéanamh ag fiagaithe, aithriseoirí staire nó lámhachóirí spóirt mar chuid dá ngiuirléidí faoi thionlacan, ar choinníoll go gcuireann siad an méid seo a leanas faoi bhráid an údaráis inniúil:

(i) na cúiseanna leis an turas, go háirithe trí chuireadh nó cruthúnas eile a sholáthar i dtaca leis na gníomhaíochtaí fiaigh, aithriseoireachta staire nó lámhaigh spóirt i gcríoch chustaim an Aontais;

(ii) tuairisc ar na hearraí liostaithe a bhfuil sé beartaithe iad a thabhairt isteach i gcríoch chustaim an Aontais agus na cúiseanna atá le cineál agus méid na n-earraí sin a bheidh iomchuí do na cúiseanna leis an gcead isteach sealadach; beidh an méid armlóin faoi uasteorainn 800 urchar d'fhiagaithe agus uasteorainn 1 200 urchar do lámhachóirí spóirt;

(iii) faisnéis maidir le pointe agus dáta imeachta beartaithe na n-earraí sin;

(c) earraí nach earraí de chuid an Aontais iad a thagann isteach agus a théann trí chríoch chustaim an Aontais, arb earraí iad a chuirtear faoi nós imeachta idirthurais custaim agus a bhfuil a gceann scríbe deiridh i dtríú tír.

Is é údarás inniúil an Bhallstáit ina ndéantar an mheastóireacht, an taispeántas, an deisiú nó an lámhach spóirt, an fiach nó an aithriseoireacht staire a dheonóidh na húdaruithe dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) den chéad fhomhír. I gcásanna ina ndéantar an mheastóireacht, an taispeántas, an deisiú nó an lámhach spóirt, an fiach nó an aithriseoireacht staire i níos mó

ná Ballstát amháin, is é údarás inniúil an Bhallstáit ina ndéantar an chéad mheastóireacht, an chéad taispeántas, an chéad deisiú nó an chéad lámhach spóirt, an chéad fhiach nó an chéad aithriseoireacht staire a dheonóidh an t-údarú.

Is é údarás inniúil an Bhallstáit ina dtagann na hearraí isteach i gcríoch chustaim an Aontais a dheonóidh an t-údarú dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír.

3. Áireofar an méid seo a leanas san iarratas ar an údarú allmhairiúcháin dá dtagraítear i mír 2:

(a) cruthúnas nó ráiteas nach ann do thaifead coiriúil a bhaineann le hiompar ar cion é a liostaítear in Airteagal 2(2) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB, nó a bhaineann le hiompar ar bith eile, ar choinníoll gurbh iompar é is inphionóis le huasphionós 4 bliana ar a laghad sa phríosún;

(b) sainaithint ar cheann de na trí chríoch a liostaítear i mír 2;

(c) dáta agus uimhir thagartha uathúil an údaraithe, nó a chomhionann, chun arm tine a bheith faoi úinéireacht duine nó a shealbhú agus dáta agus uimhir thagartha uathúil an údaraithe onnmhairiúcháin ón tríú tír nó, i gcás inarb infheidhme, cruthúnas ar an eisceacht ón údarú sin; agus

(d) mionsonraí na n-arm tine, lena n-áirítear ainm an mhonaróra nó an bhranda, tír nó áit an mhonaraithe, an tsraithuimhir, agus an cineál i gcás inarb indéanta.

4. Beidh feidhm ag Airteagal 10(1), (2), (3), (5), (6) agus (7) maidir leis an údarú allmhairiúcháin dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a eisiúint.

5. D'ainneoin mhír 2, féadfaidh na Ballstáit údarú náisiúnta ginearálta allmhairiúcháin a dheonú lena n-údaraítear go díreach na hearraí liostaithe de Chatagóir C a liostaítear in Iarscríbhinn I a allmhairiú go sealadach isteach i gcríoch a mBallstáit chun na gcríoch dá dtagraítear i mír 2, pointe (b), i gcásanna sonracha inar tugadh cuireadh do na fiagaithe, do na haithriseoirí staire nó do na lámhachóirí spóirt chuig gníomhaíocht in áitreabh an eagraí. Comhlíonfaidh na hallmhaireoirí na hoibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán seo, cé is moite díobh sin a bhaineann le húdarú allmhairiúcháin aonair a iarraidh, agus comhlíonfaidh siad na téarmaí agus na coinníollacha a shainítear san údarú náisiúnta ginearálta allmhairiúcháin.

6. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, na híoscheanglais le haghaidh na dtéarmaí agus na gcoinníollacha atá le háireamh sna húdaruithe náisiúnta ginearálta allmhairiúcháin. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 43(3).

Airteagal 12

Simpliú riaracháin

1. Aon duine ag a bhfuil pas arm tine Eorpach nó dá gceadaítear ar shlí eile, de bhun Threoir (AE) 2021/555, earraí liostaithe a mhonarú, a fháil, a shealbhú nó a thrádáil, féadfaidh daoine den sórt sin earraí liostaithe a allmhairiú chuig críoch chustaim an Aontais gan údarú allmhairiúcháin i gcomhréir le hAirteagal 9 den Rialachán seo sna cásanna seo a leanas:

(a) allmhairiú na n-earraí liostaithe a onnmhairíodh go sealadach roimhe sin i gcomhréir le hAirteagal 22(1), pointe (a), agus Airteagal 23(1), pointe (c), ar choinníoll gur fíor an méid seo a leanas ina leith:

(i) déantar uimhir thagartha nó uimhir an údaraithe onnmhairiúcháin shimplithe arna eisiúint ag an údarás inniúil i gcomhréir le hAirteagal 22(2) nó Airteagal 23(1) a chur in iúl don údarás inniúil cinn scríbe tríd an gcóras ceadúnúcháin leictreonach 10 lá oibre ar a dhéanaí roimh an am a bhfuil sé beartaithe na hearraí a theacht isteach i gcríoch chustaim an Aontais an athuair;

(ii) ba iad na hearraí céanna a allmhairíodh agus a onnmhairíodh;

(iii) allmhairítear na hearraí laistigh de 90 lá tar éis a n-onnmhairithe;

(iv) déantar an t-am agus an pointe ag a bhfuil sé beartaithe na hearraí a theacht isteach i gcríoch chustaim an Aontais a thuairisciú don údarás inniúil cinn scríbe tríd an gcóras ceadúnúcháin leictreonach 10 lá oibre ar a dhéanaí roimh an am a bhfuil sé beartaithe iad a theacht isteach i gcríoch chustaim an Aontais an athuair;

(b) allmhairiú na n-earraí liostaithe a áirítear ar Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh, más rud é gur onnmhairíodh iad go sealadach roimhe sin chun críoch meastóireachta, taispeántais agus deisithe, ar choinníoll gur fíor an méid seo a leanas ina leith:

(i) déantar an ceadúnas a deonaíodh le haghaidh an onnmhairithe shealadaigh i gcomhréir le Comhsheasamh 2008/944/CBES a chur in iúl don údarás inniúil tríd an gcóras ceadúnúcháin leictreonach 10 lá oibre ar a laghad roimh an am a bhfuil sé beartaithe na hearraí a theacht isteach i gcríoch chustaim an Aontais an athuair;

(ii) ba iad na hearraí céanna a allmhairíodh agus a onnmhairíodh;

(iii) allmhairítear na hearraí laistigh de 90 lá tar éis a n-onnmhairithe;

(iv) déantar an t-am agus an pointe ag a bhfuil sé beartaithe na hearraí a theacht isteach i gcríoch chustaim an Aontais a thuairisciú don údarás inniúil tríd an gcóras ceadúnúcháin leictreonach 10 lá oibre ar a dhéanaí roimh an am a bhfuil sé beartaithe iad a theacht isteach i gcríoch chustaim an Aontais an athuair;

(c) earraí de chuid an Aontais a thagann isteach i gcríoch chustaim an Aontais an athuair a cuireadh faoi nós imeachta idirthurais custaim roimhe sin chun dul trí thír nó críoch lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais, agus an ceann scríbe san Aontas féin.

2. Is ionann duine a allmhairíonn earraí i gcomhréir leis an Airteagal seo agus an duine a d'onnmhairigh na hearraí, agus luafaidh an duine sin sa dearbhú custaim uimhir thagartha an dearbhaithe custaim a úsáideadh chun na hearraí a thógáil amach as críoch chustaim an Aontais go sealadach agus uimhir thagartha nó uimhir an údaraithe onnmhairiúcháin shimplithe arna sholáthar ag an údarás inniúil i gcomhréir le hAirteagal 22(2) nó Airteagal 23(1).

3. Diúltóidh an t-údarás inniúil cinn scríbe an t-allmhairiú agus cláróidh sé an diúltú sin sa chóras ceadúnúcháin leictreonach gan mhoill más rud é gur fíor an méid seo a leanas ina leith:

(a) ní chomhlíonann an t-iarratasóir na critéir maidir leis an simpliú riaracháin a leagtar amach san Airteagal seo; nó

(b) is ann do chomharthaí, a bhfuil bunús leo, lena léirítear gur bagairt slándála nó bagairt don tsábháilteacht phoiblí aon duine de na daoine, lena n-áirítear an duine a thug cuireadh don iarratasóir chuig an ngníomhaíocht lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais, a bhfuil baint acu leis na cásanna dá dtagraítear i mír 1, pointe (a) nó (b).

Airteagal 13

Comhairliúchán leis na Ballstáit a ndéanann an ghluaiseacht bheartaithe difear dóibh

1. I gcás gluaiseachtaí earraí nach earraí de chuid an Aontais iad agus a liostaítear in Iarscríbhinn I i gcríoch chustaim an Aontais, beidh faisnéis san iarratas ar an údarú allmhairiúcháin dá dtagraítear in Airteagail 9 nó 11 faoi na gluaiseachtaí beartaithe, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, na Ballstáit éagsúla ina ndéanfar meastóireacht, taispeántas, deisiú nó lámhach spóirt, fiach nó aithriseoireacht staire.

2. Iarrfaidh an t-údarás inniúil a dheonaíonn an t-údarú allmhairiúcháin dá dtagraítear in Airteagail 9 nó 11 formheas ó údarás inniúil na mBallstát eile a luaitear san iarratas ar an údarú allmhairiúcháin maidir leis an ngluaiseacht bheartaithe. Féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena dtéitear i gcomhairle agóidí a dhéanamh i gcásanna a bhfuil údar cuí leo a bhaineann le hábhair imní slándála faoi ghluaiseacht trína chríoch laistigh de 10 lá oibre ón dáta a soláthraíodh an fhaisnéis faoin ngluaiseacht bheartaithe. Mura ndéanfar aon agóid, measfar gurb ionann é sin agus formheas. I gcás ina ndéanann údarás inniúil Ballstáit eile agóid i gcoinne dheonú údaraithe den sórt sin, diúltóidh an Ballstát inar cuireadh an t-iarratas isteach an t-iarratas. Úsáidfear an córas ceadúnúcháin leictreonach le haghaidh cumarsáid idir na húdaráis inniúla.

3. Tabharfaidh an duine ag a bhfuil an t-údarú fógra maidir le haon athruithe ar an ngluaiseacht bheartaithe gan mhoill tríd an gcóras ceadúnúcháin leictreonach don údarás inniúil a dheonaíonn an t-údarú. Cinnfidh an t-údarás inniúil sin, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo a bhaineann le hábhair imní slándála, an nglacfaidh sé leis na hathruithe ar tugadh fógra fúthu, nó an ndiúltóidh sé iad, i gcomhréir leis na rialacha maidir leis an údarú a dheonú, agus tar éis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear i mír 2.

4. I gcás simplithe riaracháin mar a leagtar síos in Airteagal 12(1), pointe (a), nuair nach bhfuil an pointe ag a bhfuil sé beartaithe na hearraí a theacht isteach suite laistigh de chríoch údarás inniúil an Bhallstáit cinn scríbe, cuirfidh an t-údarás inniúil sin údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an pointe athiontrála beartaithe ar an eolas láithreach maidir leis an ngluaiseacht sin, tríd an gcóras ceadúnúcháin leictreonach. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo a bhaineann le hábhair imní slándála faoin ngluaiseacht sin trína chríoch, féadfaidh údarás inniúil Bhallstát an phointe ag a bhfuil sé beartaithe na hearraí a theacht isteach agóidí a dhéanamh laistigh de 5 lá oibre ón dáta a soláthraíodh an fhaisnéis faoin bpointe ag a bhfuil sé beartaithe iad a theacht isteach. Mura ndéanfar aon agóid, measfar gurb ionann sin agus formheas. Aon agóid a dhéanann údarás inniúil Bhallstát an phointe ag a bhfuil sé beartaithe iad a theacht isteach i gcoinne dheonú an tsimplithe riaracháin sin, beidh sí ina ceangal ar an mBallstát cinn scríbe.

Airteagal 14

Srianta náisiúnta ar allmhairiú

Gan dochar do ghníomhartha dlí eile de chuid an Aontais, ní chuirfidh an Rialachán seo bac ar Bhallstát srianta cainníochtúla a ghlacadh nó a chur i bhfeidhm ar allmhairí is gá ar fhorais an bheartais phoiblí nó na slándála poiblí, nó ar fhorais maoine tionsclaíche agus tráchtála.

Airteagal 15

Údarú chun srianta náisiúnta ar allmhairiú a ghlacadh

Faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagail 16, 17 agus 18, tabharfaidh an Coimisiún údarú do Bhallstát chun bearta dá dtagraítear in Airteagal 14 a ghlacadh.

Airteagal 16

Fógra a thabhairt don Choimisiún

1. I gcás ina bhfuil sé ar intinn ag Ballstát bearta dá dtagraítear in Airteagal 14 a ghlacadh, tabharfaidh sé fógra don Choimisiún faoi.

2. Áireofar san fhógra dá dtagraítear i mír 1 doiciméadacht ábhartha agus léiriú ar na bearta atá le glacadh, lena n-áirítear a gcuspóirí agus aon fhaisnéis ábhartha eile.

3. Déanfar an fógra dá dtagraítear i mír 1 a tharchur 6 mhí sula nglacfar an beart náisiúnta ar a laghad. I gcás nach leor an fhaisnéis a tharchuir an Ballstát, féadfaidh an Coimisiún faisnéis bhreise a iarraidh.

4. Déanfaidh an Coimisiún an fógra dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo agus, arna iarraidh sin, an doiciméadacht tionlacain a chur ar fáil do na Ballstáit eile, faoi réir na gceanglas rúndachta a leagtar síos in Airteagal 18.

5. I gcás nach leor an fhaisnéis a tharchuir an Ballstát chun glacadh na mbeart náisiúnta a údarú, féadfaidh an Coimisiún faisnéis bhreise a iarraidh.

Airteagal 17

Údarú chun bearta a ghlacadh

1. Tabharfaidh an Coimisiún údarú do na Ballstáit srianta ar allmhairiú a ghlacadh, ach amháin má chinneann sé go mbeadh bearta den sórt sin:

(a) ag teacht salach ar dhlí an Aontais, agus go dtiocfaidís salach ar an dlí ar bhealach nach mbaineann leis na neamhréireachtaí a eascraíonn as leithdháileadh na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus na Ballstáit;

(b) ar neamhréir le prionsabail agus cuspóirí an Aontais i ndáil le gníomhaíocht sheachtrach maidir leis an gcomhbheartas tráchtála i gcomhréir leis na forálacha ginearálta a leagtar síos i gCuid a Cúig, Teidil I agus II, de CFAE.

2. Deonóidh an Coimisiún an t-údarú dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo trí bhíthin gníomh cur chun feidhme. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 43(2). Déanfaidh an Coimisiún a chinneadh laistigh de 120 lá oibre tar éis an fógra dá dtagraítear in Airteagal 16 a fháil. I gcás inar gá faisnéis bhreise le cinneadh a dhéanamh, tosóidh an tréimhse 120 lá oibre ón dáta a bhfaightear an fhaisnéis bhreise.

3. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi na cinntí arna ndéanamh de bhun mhír 2.

4. I gcás nach dtugann an Coimisiún údarú de bhun mhír 1, cuirfidh sé an méid sin in iúl don Bhallstát lena mbaineann agus tabharfaidh sé na cúiseanna a bhí leis an méid sin.

Airteagal 18

Rúndacht na faisnéise arna tarchur

1. Agus fógra á thabhairt ag Ballstát don Choimisiún faoina intinn bearta dá dtagraítear in Airteagal 14 a ghlacadh, féadfaidh an Ballstát sin a léiriú an bhfuil aon chuid den fhaisnéis a sholáthraítear le meas mar fhaisnéis rúnda agus an bhféadfar í a chomhroinnt le Ballstáit eile.

2. I gcásanna dá dtagraítear i mír 1, áiritheoidh na Ballstáit agus an Coimisiún go gcosnófar faisnéis rúnda i gcomhréir le dlí an Aontais is infheidhme.

3. Áiritheoidh na Ballstáit agus an Coimisiún nach ndéanfar aon fhaisnéis rúnaicmithe a sholáthraítear de bhun Airteagal 16 a íosghrádú nó a scaoileadh ó rúnaicmiú gan toiliú i scríbhinn a fháil roimh ré ón tionscnóir.

CAIBIDIL III

CEANGLAIS ONNMHAIRIÚCHÁIN, ATHONNMHAIRIÚCHÁIN AGUS IMEACHTA

Airteagal 19

Údarú onnmhairiúcháin

1. Beidh gá le húdarú onnmhairiúcháin chun earraí liostaithe a thógáil amach as críoch chustaim an Aontais.

2. Aon onnmhaireoir dá gceadaítear, de bhun Threoir (AE) 2021/555, na hearraí liostaithe a mhonarú, a fháil, a shealbhú nó a thrádáil, beidh duine den sórt sin i dteideal údarú onnmhairiúcháin a iarraidh. Is é údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an duine sin, an t-onnmhaireoir, bunaithe a dheonóidh an t-údarú onnmhairiúcháin.

3. Beidh an fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn III san údarú onnmhairiúcháin, agus eiseofar tríd an gcóras ceadúnúcháin leictreonach é i gceann de na cineálacha seo a leanas:

(a) údarú nó ceadúnas aonair a dheonaítear d'onnmhaireoir sonrach amháin le haghaidh lastas amháin d'earra liostaithe amháin nó níos mó chuig faighteoir nó coinsíní deiridh sainaitheanta amháin i dtríú tír;

(b) údarú nó ceadúnas iolrach a dheonaítear d'onnmhaireoir sonrach amháin le haghaidh il-lastas d'earra liostaithe amháin nó níos mó chuig faighteoir nó coinsíní deiridh sainaitheanta amháin nó chuig roinnt faighteoirí nó coinsínithe deiridh sainaitheanta i dtríú tír amháin nó i roinnt tríú tíortha;

(c) údarú náisiúnta ginearálta onnmhairiúcháin lena n-údaraítear go díreach d'onnmhaireoirí atá bunaithe ar chríoch an Bhallstáit a eisíonn an t-údarú náisiúnta ginearálta onnmhairiúcháin earraí liostaithe a onnmhairiú, má chomhlíonann siad na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo agus má chomhlíonann siad na téarmaí agus na coinníollacha a shainítear san údarú náisiúnta ginearálta onnmhairiúcháin; nó

(d) údarú ginearálta ón Aontas nach bhfuil ar fáil ach d'oibreoirí eacnamaíocha údaraithe le haghaidh na slándála agus na sábháilteachta de bhun Airteagal 38(2), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 maidir le honnmhairí earraí liostaithe de Chatagóir B nó C chuig tíortha cinn scríbe sonraithe.

4. Más rud é go bhfuil na hearraí liostaithe lonnaithe i mBallstát amháin nó níos mó seachas an Ballstát inar cuireadh isteach an t-iarratas ar údarú onnmhairiúcháin, léireofar an méid sin ar an iarratas sin. Rachaidh údarás inniúil an Bhallstáit chuig ar cuireadh isteach an t-iarratas ar údarú onnmhairiúcháin i gcomhairle le húdarás inniúil nó le húdaráis inniúla na mBallstát eile lena mbaineann, agus faisnéis ábhartha faoin iarratas ar údarú onnmhairiúcháin á soláthar aige. Déanfaidh na Ballstáit lena dtéitear i gcomhairle aon agóidí i gcoinne deonú údaraithe den sórt sin a thuairisciú tríd an gcóras ceadúnúcháin leictreonach laistigh de 10 lá oibre ón lá a ndearnadh teagmháil leo, agóidí a bheidh ina gceangal ar an mBallstát inar cuireadh isteach an t-iarratas.

5. I gcás nach bhfuil duine i dteideal údarú onnmhairiúcháin a iarraidh faoi mhír 2, ní ghlacfaidh an t-údarás inniúil leis an iarratas.

6. Féadfaidh na Ballstáit údaruithe náisiúnta ginearálta onnmhairiúcháin a ghlacadh lena mbunaítear ceanglais náisiúnta maidir le hearraí liostaithe a onnmhairiú. Tabharfaidh na Ballstáit fógra gan mhoill don Choimisiún agus do na Ballstáit eile faoi aon údarú náisiúnta ginearálta onnmhairiúcháin arna ghlacadh de bhun mhír 3, pointe (c), agus na cúiseanna a bhí leis á lua acu. Cuirfidh siad an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas faoin tuairisc ar na hearraí rialaithe, ar na tíortha cinn

scríbe, agus ar na coinníollacha agus na ceanglais maidir le húsáid. Tabharfaidh na Ballstáit fógra gan mhoill freisin don Choimisiún agus do na Ballstáit eile faoi aon leasú ar na húdaruithe náisiúnta ginearálta arna nglacadh. Foilseoidh an Coimisiún fógraí den sórt sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 20

Nós imeachta um údarú onnmhairiúcháin

1. Déanfaidh an t-údarás inniúil iarratais ar údaruithe onnmhairiúcháin a phróiseáil laistigh de thréimhse nach faide ná 90 lá oibre ón dáta a mbeidh an fhaisnéis riachtanach go léir soláthartha don údarás inniúil. Ar chúiseanna a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh an t-údarás inniúil an tréimhse sin a fhadú go 110 lá oibre.

2. Cuirfidh an t-iarratasóir na doiciméid riachtanacha ar fáil d'údarás inniúil an Bhallstáit atá freagrach as an údarú onnmhairiúcháin a eisiúint, lena gcruthaítear an méid seo a leanas:

(a) gur údaraigh an tríú tír is allmhaireoir an t-allmhairiú; agus

(b) nach ndearna an tríú tír idirthurais nó na tríú tíortha idirthurais aon agóid, más ann di, i gcoinne an idirthurais.

Níl feidhm ag pointe (b) den chéad fhomhír maidir leis an méid a leanas:

(a) lastais ar muir nó d'aer agus trí chalafoirt nó aerfoirt tríú tíortha ar choinníoll nach ann d'aon trasloingsiú nó nach bhfuil aon athrú sa mhodh iompair; agus

(b) i gcás onnmhairí sealadacha chun críoch dleathach infhíoraithe, lena n-áirítear fiach, aithriseoireacht staire, lámhach spóirt, meastóireacht, taispeántais agus deisiú.

3. Sula n-eiseofar údarú onnmhairiúcháin dá dtagraítear in Airteagal 19, fíoróidh an t-údarás inniúil na doiciméid a tíolacadh i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo.

4. Mura bhfaightear aon agóid i gcoinne an idirthurais i gcomhréir le mír 2, an chéad fhomhír, pointe (b), laistigh de 20 lá oibre ó dháta an iarratais i scríbhinn, glacfar leis nach bhfuil aon agóid ag an tríú tír idirthurais nó na tríú tíortha idirthurais lena dtéitear i gcomhairle i gcoinne an idirthurais.

5. Maidir le hairm thine dhíghníomhachtaithe, soláthróidh an t-iarratasóir an deimhniú díghníomhachtúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15 de Threoir (AE) 2021/555 d'údarás inniúil an Bhallstáit atá freagrach as an údarú onnmhairiúcháin a eisiúint.

6. Ní fhéadfaidh an t-údarás inniúil údaruithe onnmhairiúcháin a dheonú le haghaidh airm thine a liostaítear in Iarscríbhinn I ach amháin má tá ráiteas úsáideora arna eisiúint ag allmhaireoir na tíre cinn scríbe deiridh ag gabháil leis an iarratas ar an údarú sin i gcomhréir le hIarscríbhinn IV. I gcás onnmhairiú a dhéantar chuig cuideachta phríobháideach a dhéanann na hearraí liostaithe a athdhíol ar mhargadh áitiúil, measfar gurb í an chuideachta sin an t-úsáideoir chun críocha an Rialacháin seo. Ní choiscfidh an méid sin ar an údarás inniúil meastóireacht a dhéanamh ar iarratais ar údarú onnmhairiúcháin a bhaineann le honnmhairí chuig athdhíoltóirí ar bhealach difriúil le hiarratais ar údarú onnmhairiúcháin a bhaineann le honnmhairí chuig úsáideoirí.

7. Ní bheidh tréimhse bhailíochta údaraithe onnmhairiúcháin aonair níos faide ná an tréimhse bhailíochta le haghaidh an údaraithe allmhairiúcháin arna eisiúint ag an tríú tír. Ní rachaidh tréimhse bhailíochta údaraithe iolraigh onnmhairiúcháin thar 3 bliana. I gcás nach sonraítear tréimhse bhailíochta san údarú allmhairiúcháin arna eisiúint ag an tríú tír, ní rachaidh tréimhse bhailíochta údaraithe onnmhairiúcháin thar 1 bhliain amháin, ach amháin faoi chúinsí eisceachtúla agus ar chúiseanna a bhfuil údar cuí leo.

Airteagal 21

Inrianaitheacht arm tine

1. Beidh an fhaisnéis seo a leanas san údarú onnmhairiúcháin, san údarú allmhairiúcháin arna eisiúint ag an tríú tír lena mbaineann agus sa doiciméadacht tionlacain:

(a) na dátaí eisithe agus éagtha, i gcás inarb ábhartha;

(b) an áit eisithe;

(c) an tír is onnmhaireoir nó na tíortha is onnmhaireoirí agus an tír imeachta nó na tíortha imeachta;

(d) an tríú tír nó an chríoch cinn scríbe;

(e) nuair is infheidhme, aon tríú tír, tíortha nó críocha trína n-iompraítear na hearraí liostaithe;

(f) an coinsíní;

(g) an faighteoir deiridh, más eol é tráth an lastais;

(h) mionsonraí lena bhféadfar na hearraí liostaithe a shainaithint, agus cainníocht na n-earraí sin, lena n-áirítear, ar a dhéanaí sula seolfar an lastas, an mharcáil atá ar na hairm thine nó ar na comhpháirteanna bunriachtanacha; agus

(i) úinéir na n-earraí a chumhdaítear leis an údarú onnmhairiúcháin agus an t-údarú allmhairiúcháin arna eisiúint ag an tríú tír lena mbaineann, más bróicéir an t-onnmhaireoir.

2. Soláthróidh an t-onnmhaireoir an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1, má tá sé san údarú allmhairiúcháin arna eisiúint ag an tríú tír lena mbaineann, roimh ré don tríú tír, na tíortha nó na críocha trína n-iompraítear na hearraí, ar a dhéanaí sula seolfar an lastas.

3. Ní fhéadfar na hearraí liostaithe a onnmhairiú ach amháin má tá siad marcáilte, i gcomhréir le hAirteagal 4 de Threoir (AE) 2021/555.

Airteagal 22

Díolúine ón gceanglas údaraithe onnmhairiúcháin

1. De mhaolú ar Airteagal 19(1), ní bheidh gá le húdarú onnmhairiúcháin le haghaidh onnmhairiú sealadach nó athonnmhairiú earraí liostaithe sna cásanna seo a leanas:

(a) onnmhairiú sealadach arm tine, arna dhéanamh ag fiagaithe, aithriseoirí staire nó lámhachóirí spóirt, ar airm thine iad atá ina seilbh dhleathach, mar chuid dá ngiuirléidí faoi thionlacan, le linn turas chuig tríú tír, ar choinníoll go gcuirfidh siad an méid seo a leanas faoi bhráid an údaráis inniúil imeachta, tríd an gcóras ceadúnúcháin leictreonach, 10 lá oibre ar a laghad sula dtabharfar na hearraí liostaithe amach as críoch chustaim an Aontais:

(i) na cúiseanna lena dturas, go háirithe trí chuireadh nó cruthúnas eile a sholáthar i dtaca leis na gníomhaíochtaí fiaigh, aithriseoireachta staire nó lámhaigh spóirt sa tríú tír cinn scríbe;

(ii) pas arm tine Eorpach lena gcumhdaítear na hairm thine, dá dtagraítear in Airteagal 17 de Threoir (AE) 2021/555;

(iii) faisnéis maidir le cé acu de na hairm thine mar a liostaítear sa phas arm tine Eorpach, agus cé na hearraí eile, cé is moite d'airm thine, a liostaítear in Iarscríbhinn I, a bhfuil sé beartaithe iad a thabhairt amach as críoch chustaim an Aontais, agus na cúiseanna atá le cineál agus méid na n-earraí sin, a bheidh iomchuí i dtaca leis na cúiseanna leis an turas; is iad 800 urchar agus 1 200 urchar na huasmhéideanna armlóin a cheadófar d'fhiagaithe agus lámhachóirí spóirt faoi seach;

(b) athonnmhairiú arm tine, arna dhéanamh ag fiagaithe, aithriseoirí staire nó lámhachóirí spóirt mar chuid dá ngiuirléidí faoi thionlacan tar éis dóibh cead isteach sealadach a fháil le haghaidh gníomhaíochtaí fiaigh, aithriseoireachta staire nó lámhaigh spóirt, ar choinníoll gur fíor an méid seo a leanas ina leith:

(i) is maoin de chuid duine atá bunaithe lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais i gcónaí iad na hearraí liostaithe agus athonnmhairítear na hearraí sin chuig an duine sin;

(ii) athonnmhairítear na hearraí liostaithe laistigh de 90 lá ón teacht isteach i gcríoch chustaim an Aontais;

(iii) soláthraítear uimhir thagartha an údaraithe allmhairiúcháin don údarás custaim tráth an imeachta agus luann an t-onnmhaireoir uimhir thagartha an dearbhaithe maidir le cead isteach sealadach sa dearbhú athonnmhairiúcháin;

(c) earraí nach earraí de chuid an Aontais iad a fhágann críoch chustaim an Aontais tar éis dóibh dul trí chríoch Ballstáit amháin nó níos mó le linn dóibh a bheith curtha faoi nós imeachta idirthurais custaim, i gcás ina bhfuil an oifig custaim imeachta agus an oifig custaim cinn scríbe araon lonnaithe i dtríú tír;

(d) earraí de chuid an Aontais a fhágann críoch chustaim an Aontais go sealadach tráth a bhíonn siad á n-aistriú faoi nós imeachta idirthurais custaim trí thír nó críoch lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais ar san Aontas féin é a gceann scríbe deiridh, ar choinníoll gur fíor an méid seo a leanas ina leith:

(i) údaraítear an t-aistriú i gcomhréir le Treoir (AE) 2021/555, i gcás inar gá; agus

(ii) tugtar fógra faoin ngluaiseacht bheartaithe don údarás inniúil cinn scríbe 10 lá oibre roimh ré tríd an gcóras ceadúnúcháin leictreonach.

D'ainneoin phointe (a)(ii) den chéad fhomhír, i gcás aerthaistil, soláthróidh na fiagaithe, na haithriseoirí staire nó na lámhachóirí spóirt an pas arm tine Eorpach don údarás inniúil i gcás ina dtugtar na hearraí liostaithe ábhartha ar láimh don aerlíne lena n-iompar amach as críoch chustaim an Aontais.

2. Soláthróidh an t-údarás inniúil uimhir thagartha tríd an gcóras ceadúnúcháin leictreonach don duine a chuireann faisnéis isteach i gcomhréir le mír 1, an chéad fhomhír, pointe (a).

3. Cuirfidh údarás inniúil Ballstáit an próiseas onnmhairiúcháin ar fionraí le haghaidh tréimhse nach faide ná 10 lá oibre nó, i gcás inar gá sin a dhéanamh, cuirfidh sé cosc ar bhealach eile ar earraí liostaithe a chur amach as críoch chustaim an Aontais tríd an mBallstát sin, i gcás ina bhfuil forais amhrais aige nach bhfuil na cúiseanna, dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, pointe (a), den Airteagal seo, a thug fiagaithe, aithriseoirí staire nó lámhachóirí spóirt, i gcomhréir leis na breithnithe ábhartha agus leis na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 24. Ar chúiseanna a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh an t-údarás inniúil an tréimhse fionraíochta sin a fhadú go 30 lá oibre. Cuirfidh an t-údarás inniúil a chinneadh maidir le scaoileadh na n-earraí liostaithe a cheadú nó maidir le gníomhaíochtaí breise a dhéanamh in iúl don údarás custaim tríd an gcóras ceadúnúcháin leictreonach.

Airteagal 23

Údarú onnmhairiúcháin simplithe

1. Féadfar údarú onnmhairiúcháin simplithe a iarraidh sna cásanna seo a leanas:

(a) athonnmhairiú earraí liostaithe, laistigh de 180 lá, tar éis a gcead isteach sealadach a fháil lena meas, lena dtaispeáint, nó lena bpróiseáil isteach lena ndeisiú, ar choinníoll gur maoin de chuid duine atá bunaithe lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais i gcónaí iad na hearraí sin agus go ndéanfar iad a athonnmhairiú chuig an duine sin agus go luafaidh an t-onnmhaireoir uimhir thagartha an dearbhaithe maidir le cead isteach sealadach nó próiseáil isteach sa dearbhú athonnmhairiúcháin;

(b) athonnmhairiú earraí liostaithe atá á gcoinneáil i stóráil shealadach laistigh den teorainn ama dá dtagraítear in Airteagal 149 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;

(c) onnmhairiú sealadach earraí liostaithe chun críoch meastóireachta, taispeántais nó deisithe, ar choinníoll go gcruthóidh an t-onnmhaireoir go bhfuil seilbh dhleathach aige nó aici ar na hearraí sin.

2. Déanfar iarratas ar údarú onnmhairiúcháin simplithe a chur isteach tríd an gcóras ceadúnúcháin leictreonach agus beidh an méid seo a leanas san áireamh ann:

(a) tagairt do cheann de na trí chríoch a liostaítear i mír 1;

(b) ainm, uimhir aitheantais, seoladh agus sonraí teagmhála an onnmhaireora;

(c) mionsonraí aon airm tine, lena n-áirítear ainm an mhonaróra nó an bhranda, tír nó áit an mhonaraithe, an tsraithuimhir agus, i gcás inarb indéanta, an cineál agus bliain an mhonaraithe;

(d) dáta agus uimhir thagartha uathúil an údaraithe chun arm tine a bheith faoi úinéireacht duine nó a shealbhú agus dáta agus uimhir thagartha uathúil an údaraithe allmhairiúcháin ón tríú tír; nó, i gcás inarb infheidhme, tagairt don údarú, de bhun Threoir (AE) 2021/555, chun earraí liostaithe a mhonarú, a fháil, a shealbhú nó a thrádáil; agus

(e) i gcásanna ina n-athonnmhairítear earraí liostaithe a allmhairíodh go sealadach roimhe sin, an tagairt don dearbhú custaim faoinar tugadh na hearraí sin isteach i gcríoch chustaim an Aontais.

3. Déanfaidh an t-údarás inniúil iarratais ar údaruithe onnmhairiúcháin simplithe a phróiseáil laistigh de thréimhse nach faide ná 20 lá oibre ón dáta a soláthraíodh an fhaisnéis riachtanach go léir don údarás inniúil. Ar chúiseanna a bhfuil údar cuí leo, féadfar an tréimhse sin a fhadú go 40 lá oibre. Eiseofar an t-údarú onnmhairiúcháin simplithe tríd an gcóras ceadúnúcháin leictreonach.

4. Chun go bhfaighidh an t-iarratasóir an t-údarú onnmhairiúcháin simplithe, beidh feidhm ag na coinníollacha seo a leanas:

(a) ní dhearna an tríú tír idirthurais nó na tríú tíortha idirthurais aon agóid i gcoinne an idirthurais, dá dtagraítear in Airteagal 20(2) agus (4);

(b) rinne an t-údarás inniúil an fíorú dá dtagraítear in Airteagal 20(3); agus

(c) chuir an t-iarratasóir an deimhniú díghníomhachtúcháin, dá dtagraítear in Airteagal 20(5), faoi bhráid an údaráis inniúil.

5. Maidir le húdarú onnmhairiúcháin simplithe arna eisiúint i gcomhréir le mír 1, pointe (c), ní bheidh a thréimhse bhailíochta níos faide ná tréimhse bhailíochta an údaraithe allmhairiúcháin arna eisiúint ag an tríú tír, nó ná 1 bhliain amháin i gcás nach sonraíonn an tríú tír sin tréimhse bhailíochta, nó i gcás ina bhfuil díolúine ón gceanglas maidir le húdarú allmhairiúcháin infheidhme.

Airteagal 24

Oibleagáidí na n-údarás inniúil

1. Agus cinneadh á dhéanamh an dtabharfar údarú onnmhairiúcháin nó údarú onnmhairiúcháin simplithe faoin Rialachán seo, cuirfidh an t-údarás inniúil na breithnithe ábhartha ar fad san áireamh, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

(a) oibleagáidí agus gealltanais a Bhallstáit mar pháirtí sna socruithe ábhartha idirnáisiúnta maidir le rialú onnmhairí nó sna conarthaí idirnáisiúnta ábhartha;

(b) breithnithe beartais náisiúnta eachtraigh agus slándála, lena n-áirítear iad siúd a chumhdaítear le Comhsheasamh 2008/944/CBES;

(c) breithnithe maidir leis an úsáid deiridh atá beartaithe, an coinsíní, an faighteoir deiridh sainaitheanta agus riosca an atreoraithe.

2. I dteannta na mbreithnithe ábhartha a leagtar amach i mír 1, agus measúnú á dhéanamh ar iarratas ar údarú onnmhairiúcháin nó ar údarú onnmhairiúcháin simplithe, cuirfidh an t-údarás inniúil san áireamh an bhfuil acmhainní agus nósanna imeachta comhréireacha agus leormhaithe ag an iarratasóir chun comhlíonadh fhorálacha agus chuspóirí an Rialacháin seo agus comhlíonadh théarmaí agus choinníollacha an údaraithe a áirithiú.

3. Agus cinneadh á dhéanamh an dtabharfar nó nach dtabharfar údarú onnmhairiúcháin nó údarú onnmhairiúcháin simplithe faoin Rialachán seo, cloífidh an t-údarás inniúil le haon oibleagáidí maidir leis na bearta sriantacha a fhorchuirtear trí chinntí a ghlacann an Chomhairle nó trí chinneadh de chuid na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE) nó trí rún ceangailteach de chuid Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, go háirithe maidir le trádbhaic arm, chomh maith leis an dlí náisiúnta lena gcuirtear na hoibleagáidí sin chun feidhme.

4. Sula ndeonóidh údarás inniúil údarú onnmhairiúcháin nó údarú onnmhairiúcháin simplithe, cuirfidh sé san áireamh gach diúltú arna eisiúint ag údaráis inniúla Ballstát eile faoin Rialachán seo. Féadfaidh an chéad údarás inniúil sin dul i gcomhairle ar dtús leis an údarás inniúil eile lena mbaineann nó leis na húdaráis inniúla eile lena mbaineann. Má chinneann an chéad údarás inniúil sin údarú a thabhairt tar éis comhairliúchán den sórt sin, tabharfaidh sé fógra don údarás inniúil eile lena mbaineann nó do na húdaráis inniúla eile lena mbaineann, agus soláthróidh sé an fhaisnéis ábhartha ar fad chun a chinneadh a mhíniú. Déanfar an malartú faisnéise sin gan mhoill agus tríd an gcóras ceadúnúcháin leictreonach.

5. Déanfaidh na húdaráis inniúla faireachán ar cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar coinníollacha na n-údaruithe onnmhairiúcháin agus na n-údaruithe onnmhairiúcháin simplithe a eisíonn siad ar bhonn bainistiú riosca. Déanfar faireachán tar éis 2 bhliain ar choinníollacha na n-údaruithe a dheonaítear ar feadh tréimhse is faide ná 2 bhliain.

Airteagal 25

Údaruithe onnmhairiúcháin a dhiúltú, a neamhniú, a chur ar fionraí, a mhodhnú nó a chúlghairm

1. Diúltóidh na húdaráis inniúla údaruithe onnmhairiúcháin nó údaruithe onnmhairiúcháin simplithe a dheonú má tá feidhm ag aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) ní chomhlíontar na hoibleagáidí agus na breithnithe a leagtar amach in Airteagal 24(1);

(b) is duine nádúrtha an t-iarratasóir agus tá taifead coiriúil ag an duine sin a bhaineann le hiompar ar cion é a liostaítear in Airteagal 2(2) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB, nó a bhaineann le hiompar ar bith eile, ar choinníoll gurbh iompar é is inphionóis le huasphionós 4 bliana ar a laghad sa phríosún;

(c) dearbhaíodh gur cailleadh, gur goideadh nó gur lorgaíodh ar shlí eile lena urghabháil an t-arm tine a bhí le honnmhairiú;

(d) is duine dlítheanach an t-iarratasóir, agus tá taifead coiriúil dá dtagraítear i bpointe (b) ag duine de na daoine seo a leanas a bhfuil baint acu leis an duine dlítheanach sin:

(i) an t-iarratasóir; nó

(ii) daoine atá i gceannas ar an iarratasóir nó a fheidhmíonn rialú ar bainistíocht an iarratasóra;

(e) tá comharthaí soiléire ann a thugann le fios gur bagairt slándála nó bagairt don tsábháilteacht phoiblí aon duine de na daoine a bhfuil baint acu leis an idirbheart nó nach bhfuil na daoine dá dtagraítear i bpointe (b) nó (d) den mhír seo in ann na hoibleagáidí a fhorchuirtear orthu le Treoir (AE) 2021/555, leis an Rialachán seo nó le haon údaruithe arna n-eisiúint maidir lena n-airm thine a chomhlíonadh.

2. Chun críocha mhír 1 den Airteagal seo, gheobhaidh na Ballstáit an fhaisnéis faoi chiontuithe coiriúla a rinne an t-iarratasóir roimhe sin i mBallstáit eile tríd an gcóras a bunaíodh le Cinneadh Réime 2009/315/CGB.

3. Chun críocha mhír 1, pointe (c), seiceálfaidh na Ballstáit nach bhfuil an t-arm tine liostaithe i gCóras Faisnéise Schengen.

4. Déanfaidh údarás inniúil údarú onnmhairiúcháin nó údarú onnmhairiúcháin simplithe a neamhniú, a chur ar fionraí, a mhodhnú nó a chúlghairm mura gcomhlíontar na coinníollacha chun é a dheonú nó mura bhfuil siad á gcomhlíonadh a thuilleadh. I gcás ina ndéanann údarás inniúil cinneadh den sórt sin, cuirfidh sé an fhaisnéis sin ar fáil gan mhoill don údarás custaim tríd an gcóras ceadúnúcháin leictreonach.

5. I gcás ina bhfuil údarú onnmhairiúcháin nó údarú onnmhairiúcháin simplithe curtha ar fionraí ag an údarás inniúil, cuirfidh sé a chinneadh críochnaitheach ar fáil do na húdaráis inniúla eile ag deireadh na tréimhse fionraí tríd an gcóras ceadúnúcháin leictreonach gan mhoill.

6. I gcás inar dhiúltaigh an t-údarás inniúil údarú onnmhairiúcháin nó údarú onnmhairiúcháin simplithe a dheonú, déanfaidh sé a chinneadh críochnaitheach a chlárú sa chóras ceadúnúcháin leictreonach gan mhoill.

7. An fhaisnéis ar fad a chomhroinntear i gcomhréir leis an Airteagal seo, comhroinnfear í i gcomhréir le hAirteagal 28 maidir lena rúndacht.

Airteagal 26

Cruthúnas go bhfuarthas an lastas

1. Laistigh de 45 lá ón imeacht ó chríoch chustaim an Aontais, tabharfaidh an t-onnmhaireoir cruthúnas don údarás inniúil a d'eisigh an t-údarú onnmhairiúcháin go bhfuarthas an lastas seolta de na hearraí liostaithe sa tríú tír is allmhaireoir, trí na doiciméid allmhairiúcháin chustaim ábhartha a sholáthar. Is tríd an gcóras ceadúnúcháin leictreonach a sholáthrófar na doiciméid sin.

2. In éagmais an chruthúnais go bhfuarthas an lastas seolta dá dtagraítear i mír 1, an t-údarás inniúil sin a d'eisigh an t-údarú onnmhairiúcháin, iarrfaidh sé gan mhoill ar an údarás custaim onnmhairiúcháin a dhearbhú gur comhlíonadh na foirmiúlachtaí custaim a bhaineann le himeacht na n-earraí liostaithe agus gur imíodh na hearraí liostaithe críoch chustaim an Aontais.

3. Má dhearbhaíonn na húdaráis chustaim gur cuireadh na foirmiúlachtaí custaim i gcrích agus go ndearnadh an t-imeacht, iarrfaidh an t-údarás inniúil a d'eisigh an t-údarú onnmhairiúcháin ar údarás ábhartha an tríú tír is allmhaireoir teacht isteach na n-earraí ina críoch chustaim a dhearbhú.

4. I gcás nach bhfuil an t-údarás inniúil in ann dearbhú maidir le teacht isteach a fháil ón tríú tír is allmhaireoir mar a leagtar amach i mír 3, déanfaidh sé an fhaisnéis sin a thaifeadadh sa chóras ceadúnúcháin leictreonach.

CAIBIDIL IV

MAOIRSEACHT AGUS RIALUITHE

*Airteagal **27***

Seiceálacha iar-lastais

1. Féadfaidh údarás inniúil a dheonaíonn údarú onnmhairiúcháin le haghaidh earraí liostaithe seiceálacha iar-lastais a dhéanamh chun a áirithiú go bhfuil onnmhairiú na n-earraí sin i gcomhréir leis na gealltanais a rinneadh sa ráiteas úsáideora mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IV, agus go bhfuil na hearraí tagtha chuig an gceann scríbe deiridh beartaithe.

2. Oibreoidh na húdaráis inniúla agus na húdaráis chustaim i gcomhar le chéile agus, más gá, le húdaráis tríú tíortha chun comhlíonadh na ngealltanas a rinneadh sa ráiteas úsáideora, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IV é, agus teacht na n-earraí liostaithe chuig an gceann scríbe deiridh beartaithe a fhíorú. Féadfar seiceálacha iar-lastais a dhéanamh, i gcás inarb iomchuí, i dtríú tíortha, ar choinníoll go gcomhaontóidh tríú tíortha den sórt sin leis an méid sin, trí chomhar le húdaráis riaracháin na dtríú tíortha sin. Féadfaidh na Ballstáit tacaíocht a iarraidh ar an gCoimisiún agus seiceálacha den sórt sin á ndéanamh acu.

Airteagal 28

Malartú faisnéise agus comhar idir na húdaráis

1. Oibreoidh an Coimisiún, na húdaráis inniúla agus na húdaráis chustaim i dlúthchomhar le chéile agus malartóidh siad faisnéis chun cur chun feidhme ceart an Rialacháin seo a áirithiú.

2. An fhaisnéis riosca, lena n-áirítear anailís riosca agus torthaí rialuithe, atá ábhartha maidir le forfheidhmiú an Rialacháin seo agus, go háirithe, i dtaca le hamhras faoi gháinneáil aindleathach ar earraí liostaithe, déanfar í a mhalartú agus a phróiseáil mar a leanas:

(a) déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 46(5) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 a mhalartú idir údaráis chustaim;

(b) déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 47(2) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 a mhalartú idir údaráis chustaim agus an Coimisiún;

(c) déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 47(2) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 a mhalartú idir údaráis chustaim agus údaráis inniúla, lena n-áirítear údaráis inniúla Ballstát eile.

3. Déanfar an malartú faisnéise agus an phróiseáil faisnéise a leagtar amach i mír 2, pointí (a) agus (b), den Airteagal seo trí bhíthin an chórais a bunaíodh chun na gcríoch sin le hAirteagal 16(1) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. Nuair a mhalartaíonn údaráis chustaim faisnéis rúnda, cuirfidh siad an fhaisnéis sin in iúl freisin don Choimisiún agus do na húdaráis inniúla i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

4. Déanfar an malartú faisnéise idir údaráis chustaim agus údaráis inniúla trí mhodhanna náisiúnta seanbhunaithe nó tríd an gcóras ceadúnúcháin leictreonach.

5. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Rialachán (CE) Uimh. 515/97 ón gComhairle ([34]) maidir le bearta faoin Airteagal seo.

([34]) Rialachán (CE) Uimh. 515/97 ón gComhairle an 13 Márta 1997 maidir le cúnamh frithpháirteach idir údaráis riaracháin na mBallstát agus maidir le comhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún chun a áirithiú go gcuirfear an dlí maidir le hábhair chustaim agus ábhair thalmhaíochta i bhfeidhm mar is ceart (IO L 82, 22.3.1997, lch. 1).

Airteagal 29

Nósanna imeachta tráth an allmhairithe agus an onnmhairithe

1. Agus foirmiúlachtaí custaim le haghaidh earraí liostaithe á gcur i gcrích, soláthróidh an dearbhóir, sa dearbhú custaim nó sa dearbhú athonnmhairiúcháin, tagairt don údarú a dheonaigh an t-údarás inniúil faoi Airteagal 9, 11, 19 nó 23, nó don uimhir thagartha arna soláthar ag an údarás inniúil i gcomhréir le hAirteagal 22. Nuair a úsáidtear Carnet ATA chun foirmiúlachtaí custaim a chomhlíonadh, soláthrófar an fhaisnéis sin i gceann dá chodanna.

2. An fhaisnéis agus an doiciméadacht uile is gá chun comhréireacht na n-earraí liostaithe leis an Rialachán seo a léiriú, soláthróidh an t-allmhaireoir nó an t-onnmhaireoir iad, i gcomhréir leis an iarraidh ón údarás inniúil, i dteanga oifigiúil de chuid an Bhallstáit ina bhfuil an t-údarás inniúil sin lonnaithe, nó i mBéarla.

3. Nuair a bheidh an t-idirnascadh dá dtagraítear in Airteagal 34(7) ag feidhmiú, fíoróidh an t-údarás custaim, ar ghlacadh dó le dearbhú custaim nó le dearbhú athonnmhairiúcháin i leith earraí liostaithe, bailíocht an údaraithe trí Thimpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam. Déanfar an fíorú go leictreonach agus go huathoibríoch.

4. Nuair a scaoilfidh an t-údarás custaim le hearraí liostaithe lena gcur faoi nós imeachta custaim nó lena n-athonnmhairiú, cuirfear an scaoileadh in iúl go leictreonach agus go huathoibríoch don chóras ceadúnúcháin leictreonach trí Thimpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam, a luaithe a bheidh an t-idirnascadh dá dtagraítear in Airteagal 34(7) ag feidhmiú. Nuair a chuirfear earraí liostaithe faoi nós imeachta um chead isteach sealadach, nuair a dhéanfar iad a onnmhairiú go sealadach, nó iad a athonnmhairiú trí úsáid a bhaint as Carnet ATA, cláróidh an t-údarás custaim an fhaisnéis maidir le scaoileadh na n-earraí sa chóras ceadúnúcháin leictreonach.

5. Gan dochar d'aon chumhachtaí a thugtar dó faoi Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, ní scaoilfidh údarás custaim na hearraí liostaithe lena gcur faoi nósanna imeachta custaim nó lena n-athonnmhairiú, agus cuirfidh sé an t-údarás inniúil a dhéanfaidh cinneadh maidir le láimhseáil na n-earraí sin ar an eolas, laistigh de 24 uair an chloig, trí na bealaí náisiúnta seanbhunaithe nó tríd an gcóras ceadúnúcháin leictreonach, más rud é go bhfuil amhras ar an údarás custaim i dtaobh an dtagann na hearraí faoi raon feidhme an Rialacháin seo, nó más rud é go bhfuil forais aige a bheith in amhras faoin méid seo a leanas:

(a) níor cuireadh faisnéis ábhartha san áireamh tráth a deonaíodh an t-údarú;

(b) tá athrú ábhartha tagtha ar na cúinsí ón tráth a deonaíodh an t-údarú; nó

(c) i gcúinsí eile, ní chomhlíonann na hearraí liostaithe an Rialachán seo.

Tabharfaidh an t-údarás inniúil freagra don údarás custaim trí mhodhanna náisiúnta seanbhunaithe nó tríd an gcóras ceadúnúcháin leictreonach laistigh de 10 lá oibre tar éis dó an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a fháil. Ar chúiseanna a bhfuil bunús cuí leo, féadfar an tréimhse sin a fhadú go 30 lá oibre. I gcás nach dtugann an t-údarás inniúil freagra laistigh den tréimhse ama ábhartha, scaoilfidh an t-údarás custaim na hearraí liostaithe i gcomhréir le hAirteagal 194 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

Airteagal 30

Lastas neamhchomhlíontach a bhrath

1. Má bhraitheann údarás custaim lastas d'earraí liostaithe nach gcomhlíonann na hoibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán seo, déanfaidh sé bearta iomchuí chun a áirithiú go bhfanfaidh na hearraí sin faoi mhaoirseacht custaim, agus cuirfidh sé an t-údarás inniúil ar an eolas faoin méid sin laistigh de 24 uair an chloig.

2. Déanfaidh an t-údarás inniúil cinneadh laistigh de thréimhse nach faide ná 10 lá oibre maidir le láimhseáil na n-earraí liostaithe sin agus cuirfidh sé an t-údarás custaim ar an eolas faoina chinneadh scaoileadh na n-earraí sin a cheadú nó gníomhaíocht bhreise a dhéanamh. Ar chúiseanna a bhfuil bunús cuí leo, féadfar an tréimhse sin a fhadú go 30 lá oibre.

3. Áiritheoidh an t-údarás custaim go bhforghníomhófar cinneadh an údaráis inniúil maidir le hearraí liostaithe atá faoi mhaoirseacht custaim i gcomhréir leis an reachtaíocht chustaim.

4. I gcás inar seoladh an lastas d'earraí liostaithe neamhchomhlíontacha go dtí Ballstát eile nó ó Bhallstát eile, cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit inar braitheadh an lastas de na hearraí sin údarás inniúil Bhallstát an tseolta nó an Bhallstáit cinn scríbe ar an eolas gan mhoill, tríd an gcóras ceadúnúcháin leictreonach, faoi na bearta a glacadh maidir leis na hearraí sin agus na cúiseanna a bhí leo sin.

5. I gcás amhras réasúnach faoi gháinneáil aindleathach ar earraí liostaithe, déanfar na hearraí a urghabháil nó a choinneáil, agus déanfaidh an t-údarás custaim faisnéis a bhaineann leis na hearraí a urghabhadh nó a coinníodh le linn rialuithe custaim a chomhroinnt gan mhoill:

(a) le húdarás inniúil Bhallstát an údaráis custaim; agus

(b) le húdaráis inniúla na mBallstát dá dtagraítear in Airteagal 40(2) tríd an bhFeidhmchlár Líonra um Malartú Slán Faisnéise (SIENA) de chuid Europol.

6. Áireofar ar na sonraí urghabhála nó coinneála, a luaithe a bheidh sí ar fáil, an fhaisnéis seo a leanas:

(a) mionsonraí an airm tine nó na n-arm tine, lena n-áirítear ainm an mhonaróra nó an bhranda, tír nó áit an mhonaraithe, an tsraithuimhir agus bliain an mhonaraithe, mura cuid den tsraithuimhir í cheana, agus an cineál i gcás inarb indéanta, chomh maith leis na cainníochtaí;

(b) catagóir nó catagóirí an airm tine nó na n-arm tine, i gcomhréir le hIarscríbhinn I;

(c) i gcás ina bhfuil sí ar fáil, faisnéis faoin monarú, lena n-áirítear athghníomhachtú na n-arm tine díghníomhachtaithe, tiontú na n-arm rabhaidh agus comhartha, faoi arm tine lámhdhéanta nó baile, arm tine arna monarú trí mhonarú suimitheach agus faoi aon fhaisnéis eile ar díol spéise í;

(d) an tír thionscnaimh;

(e) tír an tseolta;

(f) an tír cinn scríbe;

(g) an modh iompair, lena n-áirítear, de réir mar a bheidh, 'coimeádán', 'leoraí nó veain', 'feithicil phearsanta', 'bus nó cóiste', 'traein', 'eitlíocht tráchtála', 'eitlíocht ghinearálta' nó 'lasta sa phost agus beartáin', agus, i gcás inarb infheidhme, cláruimhir an mhodha iompair arna úsáid, agus náisiúntacht na cuideachta is iompróir nó an duine is iompróir; agus

(h) áit agus cineál na hurghabhála nó na coinneála, lena n-áirítear, de réir mar a bheidh, 'intíre', 'pointe trasnaithe teorann', 'teorainn talún', 'aerfort' nó 'calafort muirí'.

7. Le hAirteagal 6(1) den Rialachán seo, ní chuirfear cosc ar an údarás custaim Airteagal 198(2) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 a chur i bhfeidhm. I gcás ina ndéanann an t-údarás custaim na hearraí liostaithe a scriosadh de réir mar a chinnfidh an t-údarás inniúil, is i gcomhréir le hAirteagal 198(3) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 a íocfar costais an scriosta.

8. Cinnfidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, an córas atá le húsáid chun faisnéis bhliantúil staidrimh a bhailiú maidir le hearraí liostaithe a urghabháil agus a choinneáil. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 43(3).

CAIBIDIL V

RIARACHÁN, DIGITIÚ AGUS COMHAR

Airteagal 31

Faisnéis a stóráil maidir le hallmhairiú, onnmhairiú agus athonnmhairiú earraí liostaithe

1. Coimeádfaidh na Ballstáit, ar feadh tréimhse nach lú ná 20 bliain, an fhaisnéis go léir a bhaineann le hallmhairiú, onnmhairiú agus athonnmhairiú earraí liostaithe, ar faisnéis í atá riachtanach chun na hearraí sin a rianú agus a shainaithint, agus chun gáinneáil aindleathach orthu a chosc agus a bhrath.

2. Áireofar san fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, *mutatis mutandis*, faisnéis i gcomhréir le h Airteagal 21(1).

3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 den Airteagal seo maidir le hallmhairí ná onnmhairí dá dtagraítear in Airteagal 12(1), pointe (a), nó in Airteagal 22(1), pointí (a) agus (b).

Airteagal 32

Staidreamh agus tuarascáil bhliantúil

1. Déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an nGrúpa Comhordúcháin um Allmhairiú agus Onnmhairiú Arm Tine dá dtagraítear in Airteagal 39(1), tuarascáil bhliantúil maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle gach bliain faoin 31 Deireadh Fómhair, agus cuirfidh sé an tuarascáil sin ar fáil don phobal. Beidh an fhaisnéis seo a leanas sa tuarascáil:

(a) líon na n-údaruithe allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin a deonaíodh le linn na bliana roimhe sin i gcríoch chustaim an Aontais, ar leibhéal na mBallstát;

(b) cainníochtaí na n-earraí liostaithe a allmhairíodh isteach i gcríoch chustaim an Aontais agus a onnmhairíodh aisti le linn na bliana roimhe sin, de réir catagóire agus fochatagóire mar a liostaítear in Iarscríbhinn I, de réir tionscnaimh agus de réir tír cinn scríbe ar leibhéal na mBallstát;

(c) luach custaim na n-allmhairí agus na n-onnmhairí dá dtagraítear i bpointe (b), ar leibhéal an Aontais;

(d) líon na n-údaruithe a diúltaíodh le linn na bliana roimhe sin agus na cúiseanna a bhí leo sin;

(e) líon na n-urghabhálacha, cainníocht na n-earraí liostaithe a urghabhadh nó a coinníodh, de réir catagóire, le linn na bliana roimhe sin;

(f) cainníocht agus torthaí na seiceálacha iar-lastais ar leibhéal na mBallstát le linn na bliana roimhe sin; agus

(g) líon na sáruithe agus na bpionós a bhaineann le forfheidhmiú an Rialacháin seo ag leibhéal na mBallstát le linn na bliana roimhe sin.

2. Beidh rochtain ag an gCoimisiún ar na sonraí staidrimh a bhailítear sa chóras ceadúnúcháin leictreonach agus sa chóras atá le cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 30(8).

3. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1, pointí (f) agus (g), faoi bhráid an Choimisiúin gach bliain faoin 31 Iúil.

4. Ní áireofar sa staidreamh ná sa tuarascáil bhliantúil dá dtagraítear i mír 1 aon sonraí pearsanta, aon fhaisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de ná aon fhaisnéis faoi chosaint maidir le cúrsaí cosanta, beartais eachtraigh nó slándála náisiúnta.

Airteagal 33

Táillí riaracháin

Féadfaidh na Ballstáit táille a chur i bhfeidhm chun na costais riaracháin a chumhdach a bhaineann le hiarratais ar údaruithe a láimhseáil.

Airteagal 34

Córas ceadúnúcháin leictreonach

1. Déanfaidh an Coimisiún córas ceadúnúcháin leictreonach atá slán agus criptithe a bhunú agus a choinneáil ar bun le haghaidh údaruithe allmhairiúcháin, onnmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin simplithe, agus le haghaidh cláruithe, faisnéise agus cinntí a bhaineann leo de bhun Airteagail 9, 11, 12, 13, 19, 22, 23, 25, 26, 28, 29 agus 30.

Leis an gcóras ceadúnúcháin leictreonach dá dtagraítear sa chéad fhomhír, soláthrófar na feidhmiúlachtaí seo a leanas ar a laghad:

(a) na daoine atá i dteideal údarú, díolúine nó simpliú riaracháin a iarraidh faoin Rialachán seo, beifear in ann iad a chlárú sula gcuirfidh siad an chéad iarratas isteach agus, más infheidhme, beifear in ann uimhir Chláraithe agus Aitheantais Oibreoirí Eacnamaíocha (EORI) a áireamh sa phróifíl chlárúcháin i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;

(b) beifear in ann an nós imeachta leictreonach a úsáid chun údarú, díolúine, nó simpliú riaracháin a iarraidh, a dheonú, a eisiúint agus a stóráil de bhun an Rialacháin seo;

(c) beifear in ann idirnascadh a dhéanamh leis na córais náisiúnta cheadúnúcháin leictreonacha trína bhféadfar údaruithe, díolúintí, nó simplithe riaracháin de bhun an Rialacháin seo a iarraidh, a dheonú agus a eisiúint sna Ballstáit, agus beifear in ann faisnéis a aistriú ó na córais náisiúnta cheadúnúcháin leictreonacha sin;

(d) beifear in ann idirnascadh a dhéanamh le húdaráis chustaim náisiúnta trí Chóras Malartaithe Deimhnithe Ionad Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam, dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2022/2399, lena n-áirítear bainistiú cainníochta a dhéanamh ar earraí údaraithe i gcás inar gá;

(e) cuirfear ar chumas na n-údarás inniúil agus na n-údarás custaim próifíliú riosca a dhéanamh ar dhaoine atá údaraithe nó cláraithe i gcomhréir leis an Rialachán seo chun earraí liostaithe a allmhairiú, a onnmhairiú nó a athonnmhairiú, agus cuirfear ar chumas na n-údarás sin próifíliú a dhéanamh ar na hearraí sin, lena n-áirítear rabhaidh uathoibríocha maidir le doiciméadacht i ndáil le cruthúnas go bhfuarthas na hearraí a bheith ar iarraidh;

(f) cuirfear ar chumas na n-údarás inniúil agus an Choimisiúin cúnamh riaracháin a thabhairt dá chéile agus comhar a dhéanamh le chéile chun faisnéis agus staidreamh a mhalartú maidir le húsáid an chórais ceadúnúcháin leictreonaigh;

(g) cuirfear ar chumas na n-údarás inniúil faisnéis a mhalartú eatarthu, lena n-áirítear faoi dhiúltuithe údaruithe a dheonú agus na cúiseanna a bhí leis na diúltuithe sin, chun an Rialachán seo a chur chun feidhme;

(h) cuirfear ar chumas na n-údarás inniúil agus daoine a iarrann údarú, díolúine, nó simpliú riaracháin cumarsáid a dhéanamh le chéile agus beifear in ann cruthúnais go bhfuarthas lastas a uaslódáil;

(i) cuirfear ar chumas na n-údarás inniúil, an Choimisiúin agus na n-údarás custaim cumarsáid a dhéanamh le chéile chun an Rialachán seo a chur chun feidhme;

(j) cé is moite de shonraí pearsanta, beifear in ann staidreamh a bhailiú, amhail líon na n-údaruithe, cainníochtaí agus luachanna na n-allmhairí agus na n-onnmhairí iarbhír, líon na ndiúltuithe chun údarú a dheonú i leith earraí liostaithe, agus na cúiseanna a bhí leo sin, lena n-áirítear de réir tionscnaimh agus ceann scríbe.

2. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha a bhunú maidir le feidhmiú an chórais ceadúnúcháin leictreonaigh, lena n-áirítear rialacha a bhaineann le sonraí pearsanta a phróiseáil agus sonraí a mhalartú le córais TF eile. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 43(3).

3. Tabharfaidh an Coimisiún rochtain ar an gcóras ceadúnúcháin leictreonach dóibh seo a leanas:

(a) údaráis chustaim agus údaráis inniúla chun a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo agus faoin reachtaíocht chustaim a fhorghníomhú;

(b) daoine a iarrann údarú, díolúine, nó simpliú riaracháin;

(c) seirbhísí ábhartha an Choimisiúin chun an córas a chothabháil, sonraí a mhalartú i gcomhréir le mír 1, pointí (e) agus (f), agus sonraí a bhailiú i gcomhréir le mír 1, pointí (i) agus (j).

Ní bheidh rochtain ag na daoine dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír ach ar fhaisnéis a bhaineann leo féin.

4. Déanfaidh an Coimisiún foráil maidir le hidirnascadh an chórais ceadúnúcháin leictreonaigh leis na córais cheadúnúcháin leictreonacha náisiúnta, i gcás inar bunaíodh iad.

5. Déanfar sonraí pearsanta a phróiseáil sa chóras ceadúnúcháin leictreonach i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 nó Rialachán (AE) 2018/1725, de réir mar is infheidhme.

6. Beidh an córas ceadúnúcháin leictreonach i bhfeidhm faoin 12 Feabhra 2027.

7. Chun críocha an fhíoraithe agus na cumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 29(3) agus (4) den Rialachán seo, faoi seach, le Córas leictreonach Malartaithe Deimhnithe Ionad Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2022/2399, nasctar an córas ceadúnúcháin leictreonach le Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam. Bunófar an t-idirnascadh sin faoin 12 Feabhra 2031

Airteagal 35

Oibleagáidí faisnéise agus tuairiscithe

1. Faoin 1 Iúil gach bliain, déanfaidh na Ballstáit cineálacha na n-arm rabhaidh agus comhartha a seiceáladh i gcomhréir le hAirteagal 8 a thuairisciú don Choimisiún. Pléifear na tuarascálacha sin sa Ghrúpa Comhordúcháin um Allmhairiú agus Onnmhairiú Arm Tine dá dtagraítear in Airteagal 39.

2. Gach 2 bhliain, déanfaidh na Ballstáit torthaí an fhaireacháin ar na húdaruithe dá dtagraítear in Airteagail 10(8) agus 24(5) a thuairisciú don Ghrúpa Comhordúcháin um Allmhairiú agus Onnmhairiú Arm Tine dá dtagraítear in Airteagal 39. Pléifear na tuarascálacha sin sa Ghrúpa Comhordúcháin um Allmhairiú agus Onnmhairiú Arm Tine.

CAIBIDIL VI

FORÁLACHA GINEARÁLTA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 36

Nósanna imeachta slána

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhfuil a nósanna imeachta um údarú slán agus gur féidir barántúlacht na ndoiciméad údarúcháin a fhíorú nó a bhailíochtú.

2. Féadfaidh na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí, fíorú agus bailíochtú a áirithiú freisin trí chainéil taidhleoireachta.

Airteagal 37

Cúraimí na n-údarás inniúil

1. Chun a áirithiú go gcuirfear an Rialachán seo i bhfeidhm i gceart, déanfaidh na Ballstáit na bearta comhréireacha is gá chun go mbeidh sé ar chumas a n-údarás inniúil an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a fhorfheidhmiú, le haon bhearta is gá, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, earraí liostaithe a choigistiú agus a dhíol nó a scriosadh;

(b) faisnéis a bhailiú maidir le haon ordú nó idirbheart a bhaineann le hearraí liostaithe; agus

(c) a shuí go bhfuil oibleagáidí duine faoin Rialachán seo á gcomhlíonadh go cuí, lena bhféadtar a áireamh, go háirithe, an chumhacht chun teacht isteach in áitreabh an duine sin agus daoine eile a bhfuil leas acu san idirbheart lena mbaineann.

2. Arna iarraidh sin do thríú tír onnmhairiúcháin ar Stát is Páirtí i bPrótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe í tráth an onnmhairithe, déanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit a eisíonn an t-údarú allmhairiúcháin a úsáideadh don onnmhairiú ón tríú tír sin allmhairiú nó stóráil shealadach na n-earraí liostaithe lena mbaineann an t-údarú allmhairiúcháin a dhearbhú.

Airteagal 38

Forfheidhmiú

1. Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na rialacha sin agus na bearta sin agus tabharfaidh siad fógra dó faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.

2. Beidh feidhm ag an gcóras cosanta sceithirí a bunaíodh le Treoir (AE) 2019/1937 maidir le daoine a thuairiscíonn sáruithe ar an Rialachán seo.

Airteagal 39

An Grúpa Comhordúcháin

1. Cuirfear ar bun Grúpa Comhordúcháin um Allmhairiú agus Onnmhairiú Arm Tine ('an Grúpa Comhordúcháin') agus beidh ionadaí ón gCoimisiún mar chathaoirleach air. Beidh sé comhdhéanta d'ionadaithe ó na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 40(2).

2. Scrúdóidh an Grúpa Comhordúcháin aon cheist maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a bhféadfaidh an Cathaoirleach nó ionadaí ó na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 40(2) a ardú. Nuair a bheidh faisnéis á próiseáil agus á húsáid i gcomhréir leis an mír seo, comhlíonfar Rialachán (CE) Uimh. 515/97 a mhéid a bhaineann lena rúndacht.

3. Aon uair a bhfuil gá leis, rachaidh Cathaoirleach an Ghrúpa Comhordúcháin nó an Grúpa Comhordúcháin féin i gcomhairle le haon gheallsealbhóirí ábhartha a mbaineann an Rialachán seo leo.

Airteagal 40

Cúraimí cur chun feidhme

1. Cuirfidh gach Ballstát an Coimisiún ar an eolas faoi na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin arna nglacadh agus an Rialachán seo á chur chun feidhme.

2. Faoin 12 Lúnasa 2025, ainmneoidh gach Ballstát an t-údarás náisiúnta nó na húdaráis náisiúnta atá inniúil ar an Rialachán seo a chur chun feidhme agus cuirfidh siad na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin.

3. Bunaithe ar an bhfaisnéis arna fáil de bhun mhír 2, déanfaidh an Coimisiún liosta de na húdaráis dá dtagraítear sa mhír sin a fhoilsiú agus a thabhairt cothrom le dáta ar a shuíomh gréasáin de réir mar a tharlóidh athruithe agus nuair a tharlóidh athruithe.

4. Arna iarraidh sin don Ghrúpa Comhordúcháin, agus in aon chás gach 10 mbliana, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar chur chun feidhme an Rialacháin seo agus tíolacfaidh sé tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin, a bhféadfaidh moltaí a bheith inti i leith an Rialachán a leasú. Soláthróidh na Ballstáit an fhaisnéis iomchuí uile don Choimisiún chun an tuarascáil a ullmhú. Foilseoidh an Coimisiún an chéad tuarascáil eatramhach maidir leis an gcur i bhfeidhm faoin 12 Feabhra 2030.

Airteagal 41

Gníomhartha tarmligthe

Tugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 42 chun an méid a leanas a dhéanamh:

(a) an Rialachán seo a fhorlíonadh leis na rialacha lena mbunaítear údarú ginearálta allmhairiúcháin de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 9(2), pointe (c), den Rialachán seo le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha údaraithe le haghaidh na slándála agus na sábháilteachta de bhun Airteagal 38(2), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, trí fhormáid, úsáid agus bailíocht gheografach an chineáil údaraithe sin a shonrú;

(b) an Rialachán seo a fhorlíonadh leis na rialacha lena mbunaítear údarú ginearálta onnmhairiúcháin de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 19(3), pointe (d), den Rialachán seo le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha údaraithe le haghaidh na slándála agus na sábháilteachta de bhun Airteagal 38(2), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 trí fhormáid, úsáid agus bailíocht gheografach an chineáil údaraithe sin a shonrú;

(c) an Rialachán seo a fhorlíonadh tríd an gcuid den Carnet ATA a chinneadh ina bhfuil an tagairt don údarú arna dheonú ag an údarás inniúil nó an uimhir thagartha arna soláthar ag an údarás inniúil le léiriú ag an dearbhóir i gcomhréir le h Airteagal 29(1);

(d) Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú ar bhonn leasuithe ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87, agus ar bhonn leasuithe ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2021/555;

(e) Iarscríbhinní II, III agus IV a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú.

Airteagal 42

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 41 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 41 a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 41 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 43

Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 44

Idirthréimhse

1. Go dtí an 12 Feabhra 2029, chun Airteagal 32(1) a chur chun feidhme, cuirfidh gach Ballstát an fhaisnéis seo a leanas faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Iúil gach bliain:

(a) líon na n-údaruithe allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin a dheonaigh sé le linn na bliana roimhe sin;

(b) líon na n-údaruithe onnmhairiúcháin a diúltaíodh le linn na bliana roimhe sin agus na cúiseanna a bhí leo sin; agus

(c) líon na sáruithe agus na bpionós a bhaineann le forfheidhmiú an Rialacháin seo a bhí ann le linn na bliana roimhe sin.

2. Údaruithe chun earraí liostaithe a allmhairiú nó a onnmhairiú, faoi réir Airteagail 9, 11, 19 agus 23, a deonaíodh roimh an 12 Feabhra 2029, leanfaidh siad de bheith bailí ar feadh uastréimhse 12 mhí ón dáta sin.

3. Údaruithe chun earraí liostaithe a allmhairiú nó a onnmhairiú, arna n-iarraidh roimh an 12 Feabhra 2029 agus atá ar feitheamh ar an dáta sin, deonófar iad i gcomhréir leis na forálacha is infheidhme roimh an dáta sin. Beidh na húdaruithe sin bailí ar feadh uastréimhse 12 mhí ón dáta sin.

4. Tabharfar fógra don Choimisiún, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagail 15, 16 agus 17, maidir le srianta cainníochtúla ar allmhairí na n-earraí liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 14, ar srianta iad atá i bhfeidhm sna Ballstáit an 11 Feabhra 2025. Tabharfaidh na Ballstáit an fógra sin faoin 12 Lúnasa 2028..

Airteagal 45

Aisghairm

Aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 258/2012.

Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 46

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 12 Feabhra 2029.

Mar sin féin, beidh feidhm ag Airteagal 2(2), Airteagal 8(2), Airteagal 9(1), Airteagal 11(6), Airteagail 14 go 18, Airteagal 30(8), Airteagal 34, Airteagal 35, Airteagail 38 go 44, agus Airteagal 46 ón 11 Feabhra 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Nollaig 2024.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*
R. METSOLA	BÓKA J.

IARSCRÍBHINN I

I: Liosta arm tine agus armlóin, de réir Threoir (AE) 2021/555.

	TUAIRISC	CÓD AC
Catagóir A – airm thine thoirmiscthe		
(1)	Diúracáin agus lainseálaithe míleata phléascacha.	9301 10 00 9301 20 00 9306 90 10
(2)	Airm thine uathoibríocha.	9301 90 00
(3)	Airm thine atá á gceilt mar nithe eile.	ex 9302 00 00 ex 9303 10 00 ex 9303 90 00 9301 90 00 ex 9303 20 10 ex 9303 20 95
(4)	Armlón a bhfuil diúracáin threáiteacha, phléascacha nó loiscneacha ann, agus na diúracáin don armlón sin.	9306 30 30 9306 90 10 ex 9306 21 00
(5)	Armlón piostail agus gunnáin a bhfuil diúracáin mhéadaitheacha ag gabháil leis agus na diúracáin don armlón sin, seachas i gcás airm le haghaidh fiach nó lámhach targaidí, i gcomhair daoine atá i dteideal iad a úsáid.	ex 9306 30 10 9306 30 30
(6)	Airm thine uathoibríocha atá tiontaithe ina n-airm thine leath-uathoibríocha.	9301 90 00 ex 9302 00 00
(7)	Aon cheann de na hairm thine leath-uathoibríocha lárlámhaigh seo a leanas:	
	(a) airm thine ghearra lenar féidir níos mó ná 21 urchar a scaoileadh gan athlódáil, más fíor an méid seo a leanas ina leith: — tá gléas lódála ina bhfuil toilleadh is mó ná 20 urchar mar chuid den arm tine sin; nó — cuirtear gléas lódála inbhainte ag a bhfuil acmhainneacht is mó ná 20 urchar aige isteach ann;	ex 9302 00 00

	TUAIRISC	CÓD AC
	(b) airm thine fhada a lamhálann níos mó ná 11 urchar a scaoileadh gan athlódáil, más fíor an méid seo a leanas ina leith: — tá gléas lódála ina bhfuil acmhainneacht is mó ná 10 n-urchar mar chuid den arm aige isteach ann; nó — cuirtear gléas lódála inbhainte ag ina bhfuil acmhainneacht is mó ná 10 n-urchar aige isteach ann.	ex 9303 30 00 9301 90 00 ex 9303 90 00 ex 9303 20 10 ex 9303 20 95
(8)	Airm thine leath-uathoibríocha fhada, is é sin le rá airm thine a bheartaítear d dtosach a scaoileadh ón ngualainn, is féidir a laghdú go fad is lú ná 60 cm gan feidhmíocht a chailleadh trí stoc infhillte nó stoc teileascópála nó stoc is féidir a thabhairt chun siúil gan uirlisí a úsáid.	9301 90 00 ex 9303 20 10 ex 9303 20 95 ex 9303 30 00 ex 9303 90 00
(9)	Aon arm tine sa chatagóir seo a bhfuiltear tar éis é a thiontú chun urchair chaocha, greannaitheoirí, substaintí gníomhacha eile nó urchair phiriteicniúla a scaoileadh, nó tar éis é a thiontú ina arm cúirtéise nó acústach.	9301 90 00 ex 9302 00 00 ex 9303 20 10 ex 9303 20 95 ex 9303 30 00 ex 9303 90 00

Catagóir B – Airm thine faoi réir údarú

(1)	Airm thine ghearra athchaite.	ex 9302 00 00
(2)	Airm thine ghearra aonurchair le forbhualadh lárlámhaigh.	ex 9302 00 00
(3)	Airm thine ghearra aonurchair le forbhualadh imeall-lámhaigh ar lú a bhfad foriomlán ná 28 cm.	ex 9302 00 00
(4)	Airm thine fhada leath-uathoibríocha ar féidir lena ngléas lódála agus lena gcuasán níos mó ná trí urchar a choinneáil le chéile i gcás airm thine buailte imill-lámhaigh, agus níos mó ná trí urchar ach níos lú ná dhá urchar déag i gcás airm thine lárlámhaigh.	ex 9303 20 10 ex 9303 20 95 ex 9303 30 00 ex 9303 90 00

	TUAIRISC	CÓD AC
(5)	Airm thine ghearra leath-uathoibríocha seachas na cinn a liostaítear faoi phointe (7)(a) de Chatagóir A.	ex 9302 00 00
(6)	Airm thine fhada leath-uathoibríocha, a liostaítear faoi phointe (7)(b) de Chatagóir A nach féidir lena ngléas lódála ná lena gcuasán níos mó ná trí urchar a choinneáil le chéile, i gcás ina mbeidh an gléas lódála inbhainte nó i gcás nach mbeifear cinnte nach féidir an t-arm sin a thiontú, le gnáthuirlisí, ina arm ar féidir lena ghléas lódála agus lena chuasán le chéile níos mó ná trí urchar a choinneáil.	ex 9303 20 10 ex 9303 20 95 ex 9303 30 00 ex 9303 90 00
(7)	Airm thine fhada athchaite agus airm thine leath-uathoibríocha fhada le bairillí mínchró nach faide ná 60 cm.	ex 9303 20 10 ex 9303 20 95
(8)	Aon arm tine sa chatagóir seo a bhfuiltear tar éis é a thiontú chun urchair chaocha, greannaitheoirí, substaintí gníomhacha eile nó urchair phiriteicniúla a scaoileadh, nó tar éis é a thiontú ina arm cúirtéise nó acústach.	ex 9302 00 00 ex 9303 20 10 ex 9303 20 95 ex 9303 30 00 ex 9303 90 00
(9)	Airm thine leath-uathoibríocha le húsáid ag sibhialtaigh atá cosúil le hairm ag a bhfuil meicníochtaí uathoibríocha seachas na cinn a liostaítear faoi phointe (6), (7) nó (8) de Chatagóir A.	ex 9302 00 00 ex 9303 20 10 ex 9303 20 95 ex 9303 30 00 ex 9303 90 00

Catagóir C – Airm thine agus airm faoi réir dearbhú

(1)	Airm thine fhada athchaite seachas na cinn a liostaítear i bpointe (7) de Chatagóir B.	ex 9303 20 95 ex 9303 30 00 ex 9303 90 00
(2)	Airm thine fhada le bairillí eitreacha aonurchair.	ex 9303 20 95 ex 9303 30 00 ex 9303 90 00

	TUAIRISC	CÓD AC
(3)	Airm thine fhada leath-uathoibríocha seachas na cinn a liostaítear i gCatagóirí A nó B.	ex 9303 30 00 ex 9303 20 10 ex 9303 20 95 ex 9303 90 00
(4)	Airm thine aonurchair ghearra le forbhualadh imill-lámhaigh, nach lú a bhfad foriomlán ná 28 cm.	ex 9302 00 00
(5)	Aon arm tine sa chatagóir seo a bhfuiltear tar éis é a thiontú chun urchair chaocha, greannaitheoirí, substaintí gníomhacha eile nó urchair phiriteicniúla a scaoileadh, nó tar éis é a thiontú ina arm cúirtéise nó acústach.	ex 9303 20 10 ex 9303 20 95 ex 9303 30 00 ex 9303 90 00
(6)	Airm thine a aicmítear i gCatagóirí A nó B nó sa chatagóir seo atá díghníomhachtaithe i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2403.	ex 9304 00 00
(7)	Airm thine fhada aonurchair le bairillí mínchró arna gcur ar an margadh an 14 Meán Fómhair 2018 nó ina dhiaidh sin.	9303 10 00 ex 9303 20 10 ex 9303 20 95

II: Airm thine agus armlón seachas iad siúd a liostaítear i gCuid I, agus comhpháirteanna bunriachtanacha díobh.

(1)	Bailiúcháin agus earraí bailitheora ar díol spéise iad ó thaobh na staire de.	ex 9705 10 00 ex 9706 10 00 ex 9706 90 00
(2)	Armlón: an t-urchar iomlán nó na comhpháirteanna de, a úsáidtear in arm tine, lena n-áirítear cásanna na gcartús, príméir, púdar tiomána, piléir nó diúracáin, ar choinníoll go bhfuil na comhpháirteanna sin faoi réir údarú sa Bhallstát ábhartha.	ex 3601 00 00 9306 21 00 ex 9306 29 00 ex 9306 30 10 ex 9306 30 30 ex 9306 30 90 ex 9306 90 10 ex 9306 90 90

(3)	Aon chomhpháirt bhunriachtanach d'airm thine, iad leathchríochnaithe fiú, lena n-áirítear airm thine leathchríochnaithe.	ex 9305 10 00 ex 9305 20 00 ex 9305 91 00 ex 9305 99 00

III: Airm rabhaidh agus chomhartha neamh-intiontaithe

(1)	Airm rabhaidh agus chomhartha dá dtagraítear in Airteagal 8 den Rialachán seo.	ex 9303 90 00 ex 9304 00 00

IV: Modhnóirí fuaime

(1)	Modhnóirí fuaime.	ex 9305 10 00

Chun críocha na hIarscríbhinne seo:

(a) ciallaíonn 'arm tine gearr' arm tine le bairille nach faide ná 30 ceintiméadar, nó nach faide ná 60 ceintiméadar a fhad foriomlán;

(b) ciallaíonn 'arm tine fada' aon arm tine seachas arm tine gearr;

(c) ciallaíonn 'arm tine uathoibríoch' arm tine a athlódáiltear go huathoibríoch gach uair a scaoiltear urchar agus atá in ann níos mó ná urchar amháin a scaoileadh má tharraingítear an truicear iarraidh amháin;

(d) ciallaíonn 'arm tine leath-uathoibríoch' arm tine a athlódáiltear go huathoibríoch gach uair a scaoiltear urchar agus nach bhfuil in ann ach urchar amháin a scaoileadh má tharraingítear an truicear iarraidh amháin;

(e) ciallaíonn 'arm tine athchaite' arm tine atá ceaptha lena athlódáil ó philéarlann nó ó shorcóir tar éis urchar a scaoileadh trí ghníomh a oibrítear de láimh;

(f) ciallaíonn 'arm tine aonurchair' arm tine gan philéarlann a lódáiltear sula scaoilfear gach urchar trí urchar a chur isteach de láimh sa chuasán nó i gcuaisín lódála ag craos an bhairille.

(1) Bunaithe ar Ainmníocht Chomhcheangailte (AC) na n-earraí mar a leagtar síos í i Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim.

(2) Nuair a luaitear cód a bhfuil 'ex' roimhe, cinntear an raon feidhme tríd an gCód AC agus an tuairisc a fhreagraíonn dó a úsáid.

IARSCRÍBHINN II

(dá dtagraítear in Airteagal 9 den Rialachán seo)

Agus údaruithe allmhairiúcháin á ndeonú acu, déanfaidh na Ballstáit a ndícheall chun a áirithiú go mbeidh cineál an údaraithe feiceálach ar an bhfoirm a eisítear.

Tá an t-údarú allmhairiúcháin thíos bailí i ngach Ballstát den Aontas Eorpach go dtí an dáta a rachaidh sé in éag.

<table>
<tr><td colspan="3">AN tAONTAS EORPACH</td><td colspan="3">ALLMHAIRIÚ ARM TINE (Rialachán (AE) 2025/41 (1))</td></tr>
<tr><td colspan="6">Cineál an údaraithe
Aonar ☐ iolrach ☐ náisiúnta ginearálta ☐</td></tr>
<tr><td colspan="6">An bhfuil gluaiseachtaí roimh an allmhairiú infheidhme? Tá ☐ An bhfuil an nós imeachta idirthurais um earraí nach earraí de chuid an Aontais iad infheidhme? Tá ☐</td></tr>
<tr><td colspan="3">Airm rabhaidh agus chomhartha neamh-intiontaithe ☐</td><td colspan="3">Airm thine dhíghníomhachtaithe a bhfuil deimhniú acu ☐
Airm thine dhíghníomhachtaithe gan deimhniú ☐</td></tr>
<tr><td rowspan="11">Údarú</td><td>1.</td><td>1. Uimhir an allmhaireora
(uimhir EORI más infheidhme)</td><td colspan="2">2. Uimhir aitheantais an údaraithe (2)</td><td>3. An dáta éaga</td></tr>
<tr><td colspan="3"></td><td colspan="2">4. Mionsonraí an phointe teagmhála</td></tr>
<tr><td colspan="2">5. An coinsíní/na coinsínithe (uimhir EORI más infheidhme)</td><td colspan="3">6. An t-údarás eisiúna</td></tr>
<tr><td colspan="2" rowspan="2">7. Uimh. an Ghníomhaire/na nGníomhairí nó an Ionadaí/na nIonadaithe
(Murab ionann í agus an t-allmhaireoir) (uimhir EORI más infheidhme)</td><td colspan="2">8. An tír/na tíortha allmhairiúcháin</td><td>Cód (3)</td></tr>
<tr><td colspan="2">9. An tír/na tíortha onnmhairiúcháin agus uimhir/uimhreacha an údaraithe/na n-údaruithe allmhairiúcháin</td><td>Cód (3)</td></tr>
<tr><td colspan="2" rowspan="2">10. An faighteoir/na faighteoirí deiridh (más eol sin tráth a sheoltar an lastas) (uimhir EORI más infheidhme)</td><td colspan="2">11. Tríú tíortha trína dtéann an choinsíneacht (más infheidhme)</td><td>Cód (3)</td></tr>
<tr><td colspan="2">12. An Ballstát/na Ballstáit ina mbeartaítear dul i mbun an nós imeachta custaim um allmhairiú</td><td>Cód (3)</td></tr>
<tr><td colspan="2">13. Tuairisc ar na hearraí</td><td colspan="3">14. Cód an Chórais Chomhchuibhithe nó Cód na hAinmníochta Comhcheangailte (más infheidhme – 8 ndigit)</td></tr>
<tr><td colspan="2">13a. Marcáil
I gcomhréir le Prótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe
I gcomhréir le Treoir an Aontais maidir le hairm thine (Treoir (AE) 2021/555 (4)).</td><td colspan="2">15. Airgeadra agus luach</td><td>16. Líon na n-earraí</td></tr>
<tr><td colspan="2">17. Úsáid deiridh</td><td colspan="2">18. Dáta an chonartha (más infheidhme)</td><td>19. Nós imeachta custaim</td></tr>
<tr><td colspan="5">20. Faisnéis bhreise atá ag teastáil de réir na reachtaíochta náisiúnta (le sonrú ar an bhfoirm)</td></tr>
</table>

(1) Rialachán (AE) 2025/41 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Nollaig 2024 maidir le bearta allmhairiúcháin, onnmhairiúcháin agus idirthurais le haghaidh airm thine, comhpháirteanna bunriachtanacha agus a n-armlóin, lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 10 de Phrótacal na Náisiún Aontaithe in aghaidh monarú agus gáinneáil aindleathach arm tine, a bpáirteanna, a gcomhpháirteanna agus a n-armlóin, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na coireachta eagraithe trasnáisiúnta (Prótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe) (IO L, 2025/41, 22.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/41/oj).

(2) Le comhlánú ag an údarás inniúil.

(3) Féach Rialachán (AE) 2019/2152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le staidreamh gnó Eorpach, lena n-aisghairtear 10 ngníomh dlí i réimse an staidrimh gnó (IO L 327, 17.12.2019, lch. 1)

(4) Treoir (AE) 2021/555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 maidir le fáil agus seilbh arm a rialú (IO L 115, 6.4.2021, lch. 1

	Ar fáil d'fhaisnéis réamhphriontáilte de rogha na mBallstát		
		Le comhlánú ag an údarás eisiúna	
		Síniú	Stampa
		An t-údarás eisiúna	
		Áit agus dáta	

<table>
<tr><td colspan="4">AN tAONTAS EORPACH</td></tr>
<tr><td>1a.</td><td>1. Allmhaireoir</td><td>2. Uimhir aitheantais</td><td>9. An tír allmhairiúcháin agus uimhir an údaraithe allmhairiúcháin</td></tr>
<tr><td rowspan="15">Údarú</td><td rowspan="2"></td><td>5. Coinsíní</td><td rowspan="2"></td></tr>
<tr><td>13.1. Tuairisc ar na hearraí</td><td colspan="2">14. Cód an tráchtearra (más infheidhme, 8 ndigit)</td></tr>
<tr><td>13a. Marcáil</td><td>15. Airgeadra agus luach</td><td>16. Líon na n-earraí</td></tr>
<tr><td>13.2. Tuairisc ar na hearraí</td><td colspan="2">14. Cód an tráchtearra (más infheidhme, 8 ndigit)</td></tr>
<tr><td>13a. Marcáil</td><td>15. Airgeadra agus luach</td><td>16. Líon na n-earraí</td></tr>
<tr><td>13.3. Tuairisc ar na hearraí</td><td colspan="2">14. Cód an tráchtearra (más infheidhme, 8 ndigit)</td></tr>
<tr><td>13a. Marcáil</td><td>15. Airgeadra agus luach</td><td>16. Líon na n-earraí</td></tr>
<tr><td>13.4. Tuairisc ar na hearraí</td><td colspan="2">14. Cód an tráchtearra (más infheidhme, 8 ndigit)</td></tr>
<tr><td>13a. Marcáil</td><td>15. Airgeadra agus luach</td><td>16. Líon na n-earraí</td></tr>
<tr><td>13.5. Tuairisc ar na hearraí</td><td colspan="2">14. Cód an tráchtearra (más infheidhme, 8 ndigit)</td></tr>
<tr><td>13a. Marcáil</td><td>15. Airgeadra agus luach</td><td>16. Líon na n-earraí</td></tr>
<tr><td>13.6. Tuairisc ar na hearraí</td><td colspan="2">14. Cód an tráchtearra (más infheidhme, 8 ndigit)</td></tr>
<tr><td>13a. Marcáil</td><td>15. Airgeadra agus luach</td><td>16. Líon na n-earraí</td></tr>
<tr><td colspan="4">Nóta: Líonfar isteach foirm ar leithligh i gcás gach coinsíní, i gcomhréir le teimpléad 1a. Léirigh an chainníocht atá fós ar fáil i gcuid 1 de cholún 22 agus léirigh an chainníocht arna hasbhaint an uair seo i gcuid 2 de cholún 22.</td></tr>
</table>

21. An ghlanchainníocht/glanluach (an ghlanmhais/aonad eile agus an t-aonad á léiriú)		24. Doiciméad custaim (cineál agus uimhir) nó sliocht (uimhir) agus dáta na hasbhainte	25. An Ballstát, ainm agus síniú, stampa na hasbhainte
22. In uimhreacha	23. I bhfocail don chainníocht/luach a asbhaineadh		
1			
2			
1			
2			
1			
2			
1			
2			
1			
2			
1			
2			
1			
2			

IARSCRÍBHINN III

(dá dtagraítear in Airteagal 19 den Rialachán seo)

Agus údaruithe onnmhairiúcháin á ndeonú acu, déanfaidh na Ballstáit a ndícheall chun a áirithiú go mbeidh cineál an údaraithe feiceálach ar an bhfoirm a eisítear.

Tá an t-údarú onnmhairiúcháin thíos bailí i ngach Ballstát den Aontas Eorpach go dtí an dáta a rachaidh sé in éag.

<table>
<tr><td colspan="2">AN tAONTAS EORPACH</td><td colspan="3">ALLMHAIRIÚ ARM TINE (Rialachán (AE) 2025/41 (1))</td></tr>
<tr><td colspan="5">Cineál an údaraithe
Aonair ☐ Iolrach ☐</td></tr>
<tr><td colspan="5">An bhfuil idirthuras laistigh den Aontas tar éis onnmhairiú i gceist Tá ☐</td></tr>
<tr><td colspan="2">Airm rabhaidh agus chomhartha neamh-intiontaithe ☐</td><td colspan="3">Airm thine dhíghníomhachtaithe ☐</td></tr>
<tr><td>1. An t-úinéir (más infheidhme)</td><td>1. Uimh. an iarratasóra/an onnmhaireora
(uimhir EORI más infheidhme)</td><td>2. Uimhir aitheantais an údaraithe (2)</td><td colspan="2">3. An dáta éaga</td></tr>
<tr><td rowspan="10">Údarú</td><td></td><td colspan="3">4. Mionsonraí an phointe teagmhála</td></tr>
<tr><td>5. An coinsíní/na coinsínithe (uimhir EORI más infheidhme)</td><td colspan="3">6. An t-údarás eisiúna</td></tr>
<tr><td rowspan="2">7. Uimh. an Ghníomhaire/na nGníomhairí nó an Ionadaí/na nIonadaithe
(Murab ionann é nó iad agus an t-iarratasóir/sealbhóir an údaraithe) (uimhir EORI más infheidhme)</td><td>8. An tír/na tíortha onnmhairiúcháin</td><td>Cód (3)</td></tr>
<tr><td>9. An tír/na tíortha allmhairiúcháin agus uimhir/uimhreacha an údaraithe/na n-údaruithe allmhairiúcháin</td><td>Cód (3)</td></tr>
<tr><td rowspan="2">10. An faighteoir/na faighteoirí deiridh (más eol sin tráth a sheoltar an lastas) (uimhir EORI más infheidhme)</td><td>11. Tríú tíortha trína dtéann an choinsíneacht (más infheidhme)</td><td>Cód (3)</td></tr>
<tr><td>12. An Ballstát/na Ballstáit ina mbeartaítear dul i mbun an nós imeachta custaim um onnmhairiú</td><td>Cód (3)</td></tr>
<tr><td>13. Tuairisc ar na hearraí</td><td colspan="3">14. Cód an Chórais Chomhchuibhithe nó Cód na hAinmníochta Comhcheangailte (más infheidhme – 8 ndigit)</td></tr>
<tr><td>13a. Marcáil</td><td>15. Airgeadra agus luach</td><td colspan="2">16. Líon na n-earraí</td></tr>
<tr><td>17. Úsáid deiridh</td><td>18. Dáta an chonartha (más infheidhme)</td><td colspan="2">19. Nós imeachta custaim um allmhairiú</td></tr>
<tr><td colspan="4">20. Faisnéis bhreise atá ag teastáil de réir na reachtaíochta náisiúnta (le sonrú ar an bhfoirm)</td></tr>
</table>

(1) Rialachán (AE) 2025/41 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Nollaig 2024 maidir le bearta allmhairiúcháin, onnmhairiúcháin agus idirthurais le haghaidh airm thine, comhpháirteanna bunriachtanacha agus a n-armlóin, lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 10 de Phrótacal na Náisiún Aontaithe in aghaidh monarú agus gáinneáil aindleathach arm tine, a bpáirteanna, a gcomhpháirteanna agus a n-armlóin, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na coireachta eagraithe trasnáisiúnta (Prótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe) (IO L, 2025/41, 22.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/41/oj).

(2) Le comhlánú ag an údarás inniúil.

(3) Féach Rialachán (AE) 2019/2152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le staidreamh gnó Eorpach, lena n-aisghairtear 10 ngníomh dlí i réimse an staidrimh gnó (IO L 327, 17.12.2019, lch. 1).

	Ar fáil d'fhaisnéis réamhphriontáilte de rogha na mBallstát		
		Le comhlánú ag an údarás eisiúna	
		Síniú	Stampa
		An t-údarás eisiúna	
		Áit agus dáta	

<table>
<tr><td colspan="4">AN tAONTAS EORPACH</td></tr>
<tr><td>1a.</td><td>1. An t-iarratasóir/an t-onnmhaireoir</td><td>2. Uimhir aitheantais</td><td>9. An tír allmhairiúcháin agus uimhir an údaraithe allmhairiúcháin</td></tr>
<tr><td rowspan="15">Údarú</td><td rowspan="2"></td><td>5. Coinsíní</td><td></td></tr>
<tr><td>13.1. Tuairisc ar na hearraí</td><td colspan="2">14. Cód an tráchtearra (más infheidhme, 8 ndigit)</td></tr>
<tr><td>13a. Marcáil</td><td>15. Airgeadra agus luach</td><td>16. Líon na n-earraí</td></tr>
<tr><td>13.2. Tuairisc ar na hearraí</td><td colspan="2">14. Cód an tráchtearra (más infheidhme, 8 ndigit)</td></tr>
<tr><td>13a. Marcáil</td><td>15. Airgeadra agus luach</td><td>16. Líon na n-earraí</td></tr>
<tr><td>13.3. Tuairisc ar na hearraí</td><td colspan="2">14. Cód an tráchtearra (más infheidhme, 8 ndigit)</td></tr>
<tr><td>13a. Marcáil</td><td>15. Airgeadra agus luach</td><td>16. Líon na n-earraí</td></tr>
<tr><td>13.4. Tuairisc ar na hearraí</td><td colspan="2">14. Cód an tráchtearra (más infheidhme, 8 ndigit)</td></tr>
<tr><td>13a. Marcáil</td><td>15. Airgeadra agus luach</td><td>16. Líon na n-earraí</td></tr>
<tr><td>13.5. Tuairisc ar na hearraí</td><td colspan="2">14. Cód an tráchtearra (más infheidhme, 8 ndigit)</td></tr>
<tr><td>13a. Marcáil</td><td>15. Airgeadra agus luach</td><td>16. Líon na n-earraí</td></tr>
<tr><td>13.6. Tuairisc ar na hearraí</td><td colspan="2">14. Cód an tráchtearra (más infheidhme, 8 ndigit)</td></tr>
<tr><td>13a. Marcáil</td><td>15. Airgeadra agus luach</td><td>16. Líon na n-earraí</td></tr>
<tr><td colspan="4">Nóta: Líonfar isteach foirm ar leithligh i gcás gach coinsíní, i gcomhréir le teimpléad 1a. Léirigh an chainníocht atá fós ar fáil i gcuid 1 de cholún 22 agus léirigh an chainníocht arna hasbhaint an uair seo i gcuid 2 de cholún 22.</td></tr>
</table>

21. An ghlanchainníocht/glanluach (an ghlanmhais/aonad eile agus an t-aonad á léiriú)		24. Doiciméad custaim (cineál agus uimhir) nó sliocht (uimhir) agus dáta na hasbhainte	25. An Ballstát, ainm agus síniú, stampa na hasbhainte
22. In uimhreacha	23. I bhfocail don chainníocht/luach a asbhaineadh		
1			
2			
1			
2			
1			
2			
1			
2			
1			
2			
1			
2			
1			
2			

IARSCRÍBHINN IV

Foirm an ráitis úsáideora

Cuimseofar an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad sa ráiteas úsáideora:

(a) mionsonraí an onnmhaireora (lena n-áirítear ainm, seoladh, ainm gnó agus, má tá fáil uirthi, cláruimhir na cuideachta);

(b) mionsonraí an úsáideora (lena n-áirítear ainm, seoladh, ainm gnó agus, má tá fáil uirthi, cláruimhir na cuideachta);

(c) an tír cinn scríbe deiridh;

(d) tuairisc ar na hearraí, lena n-áirítear, má tá fáil uirthi, uimhir an chonartha nó an tsraithuimhir;

(e) más infheidhme, cainníocht nó luach na n-earraí a bhfuil sé beartaithe iad a onnmhairiú;

(f) síniú, ainm agus teideal an úsáideora;

(g) an t-údarás inniúil sa tír cinn scríbe deiridh;

(h) i gcás ina gceanglaítear sin le dlí náisiúnta nó le cleachtas náisiúnta tríú tír, údarú allmhairiúcháin nó deimhniú allmhairiúcháin arna eisiúint ag na húdaráis náisiúnta ábhartha (lena n-áirítear dáta, ainm, teideal agus síniú bunaidh an oifigigh údarúcháin);

(i) dáta eisiúna an ráitis úsáideora;

(j) más infheidhme, uimhir aitheantais uathúil nó uimhir chonartha uathúil a bhaineann leis an ráiteas úsáideora;

(k) gealltanas nach n-úsáidfear na táirgí ach amháin chun críoch sibhialtach; agus

(l) más iomchuí, mionsonraí an bhróicéara iomchuí (lena n-áirítear ainm, seoladh, ainm gnó agus, má tá fáil uirthi, cláruimhir na cuideachta).

IARSCRÍBHINN V

Tábla comhghaoil

Rialachán (AE) Uimh. 258/2012	An Rialachán seo
Airteagal 1	Airteagal 1
Airteagal 2, an fhoclaíocht tosaigh	Airteagal 2(1), an fhoclaíocht tosaigh
—	Airteagal 2(1), pointe (1)
Airteagal 2, pointe (1)	Airteagal 2(1), pointe (2)
Airteagal 2, pointe (2)	—
—	Airteagal 2(1), pointe (3)
Airteagal 2, pointe (3)	Airteagal 2(1), pointe (4)
—	Airteagal 2(1), pointe (5)
—	Airteagal 2(1), pointe (6)
Airteagal 2, pointe (4)	Airteagal 2(1), pointe (7)
Airteagal 2, pointe (5)	Airteagal 2(1), pointe (8)
—	Airteagal 2(1), pointe (9)
Airteagal 2, pointe (7)	Airteagal 2(1), pointe (10)
Airteagal 2, pointe (9)	Airteagal 2(1), pointe (11)
—	Airteagal 2(1), pointe (12)
—	Airteagal 2(1), pointe (13)
—	Airteagal 2(1), pointe (14)
—	Airteagal 2(1), pointe (15)
—	Airteagal 2(1), pointe (16)
—	Airteagal 2(1), pointe (17)
—	Airteagal 2(1), pointe (18)
Airteagal 2, pointe (10)	—
—	Airteagal 2(1), pointe (19)
—	Airteagal 2(1), pointe (20)
—	Airteagal 2(1), pointe (21)
Airteagal 2, pointe (6)	Airteagal 2(1), pointe (22)
—	Airteagal 2(1), pointe 23
—	Airteagal 2(1), pointe (24)
Airteagal 2, pointe (8)	Airteagal 2(1), pointe (25)
—	Airteagal 2(1), pointe (26)
—	Airteagal 2(1), pointe (27)
—	Airteagal 2(1), pointe (28)
—	Airteagal 2(1), pointe (29)
Airteagal 2, pointe (11)	Airteagal 2(1), pointe (30)
—	Airteagal 2(1), pointe (31)
Airteagal 2, pointe (12)	—
—	Airteagal 2(1), pointe (32)

Rialachán (AE) Uimh. 258/2012	An Rialachán seo
—	Airteagal 2(1), pointe (33)
Airteagal 2, pointe (13)	Airteagal 2(1), pointe (34)
Airteagal 2, pointe (15)	Airteagal 2(1), pointe (35)
Airteagal 2, pointe (16)	—
—	Airteagal 2(1), pointe (36)
—	Airteagal 2(1), pointe (37)
—	Airteagal 2(2)
Airteagal 3(1), pointí (a), (b), (c) agus (f)	Airteagal 3, pointí (a), (b), (c) agus (d)
Airteagal 3(1), pointí (d) agus (e)	—
Airteagal 3(2)	—
—	Airteagal 4
—	Airteagal 5
—	Airteagal 6
—	Airteagal 7
—	Airteagal 8
—	Airteagal 9
—	Airteagal 10
—	Airteagal 11
—	Airteagal 12
—	Airteagal 13
—	Airteagal 14
—	Airteagal 15
—	Airteagal 16
—	Airteagal 17
—	Airteagal 18
—	Airteagal 19(1)
—	Airteagal 19(2), an chéad abairt
Airteagal 4(1), an dara habairt	Airteagal 19(2), an dara habairt
Airteagal 4(2)	—
Airteagal 4(1), an chéad abairt	Airteagal 19(3)
Airteagal 2, pointe (14)	Airteagal 19(3), pointí (a), (b) agus (d)
—	Airteagal 19(3), pointe (c)
Airteagal 4(3)	Airteagal 19(4)
—	Airteagal 19(5) agus (6)-
Airteagal 5-	Airteagal 41(1), an fhoclaíocht tosaigh agus pointe (d)
—	Airteagal 41(1), pointí (a), (b), (c) agus (e)
Airteagal 6	Airteagal 42
—	Airteagal 20(3)
Airteagal 7(1), an fhoclaíocht tosaigh	Airteagal 20(2), pointí (a) agus (b)
Airteagal 7(1), pointí (a) agus (b)	—
Airteagal 7(2)	Airteagal 20(4)

Rialachán (AE) Uimh. 258/2012	An Rialachán seo
Airteagal 7(3)	Airteagal 20(2), an chéad fhomhír
Airteagal 7(4)-	Airteagal 20(1)
—	Airteagal 20(5)
—	Airteagal 20(6)
Airteagal 7(5), an chéad abairt	Airteagal 20(7), an chéad abairt
—	Airteagal 20(7), an dara habairt
Airteagal 7(5), an dara habairt	Airteagal 20(7), an tríú habairt
Airteagal 7(6)	—
Airteagal 8	Airteagal 21(1) agus (2)
—	Airteagal 21(3)
Airteagal 9(1), pointe (a)(i)	Airteagal 22(1), an chéad fhomhír, pointe (a)
—	Airteagal 22(1), an chéad fhomhír, pointí (a)(i), (ii) agus (iii)
Airteagal 9(1) pointe (b)	Airteagal 22(1), an dara fomhír
Airteagal 9(1) pointe (a)(ii)	Airteagal 22(1), an chéad fhomhír, pointe (b)
—	Airteagal 22(1), an chéad fhomhír, pointí (b)(i), (ii) agus (iii)
—	Airteagal 22(1), an chéad fhomhír, pointí (c) agus (d)
—	Airteagal 22(2)
Airteagal 9(1), pointe (c)	Airteagal 22(3)
Airteagal 9(2)	Airteagal 23(1)
—	Airteagal 23(2) go (5)
Airteagal 10	Airteagal 24(1), (2), agus (3)
Airteagal 11(3)	Airteagal 24(4)
—	Airteagal 24(5)
—	Airteagal 25(1) pointe (a)
Airteagal 11(1) pointe (a)	Airteagal 25(1), pointe (b)
—	Airteagal 25(1), pointí (c), (d) agus (e)
Airteagal 11(1) pointe (b)	Airteagal 25(4), an chéad abairt -
Airteagal 11(1), an fhomhír dheireanach	—
—	Airteagal 25(2) agus (3)
Airteagal 11(2)	Airteagal 25(4), an dara habairt
—	Airteagal 25(5)
—	Airteagal 25(6)
Airteagal 11(4)	Airteagal 25(7)
Airteagal 12, an chéad fhomhír	Airteagal 31(1)
Airteagal 12, an dara mír	Airteagal 31(2)
—	Airteagal 31(3)
—	Airteagal 26(1)
—	Airteagal 26(2), an chéad abairt
Airteagal 13(1)	Airteagal 26(3)
—	Airteagal 26(4)

Rialachán (AE) Uimh. 258/2012	An Rialachán seo
Airteagal 13(2) agus (3)	—
—	Airteagal 27
Airteagal 14	Airteagal 36
Airteagal 15	Airteagal 37(1)
—	Airteagal 37(2)
Airteagal 16	Airteagal 38(1)
—	Airteagal 38(2)
Airteagal 17(1)	Airteagal 29(1)
Airteagal 17(2)	Airteagal 29(2)
—	Airteagal 29(3) agus (4)
Airteagal 17(3)	Airteagal 29(5), pointí (a) agus (b)
—	Airteagal 29(5), pointe (c)
Airteagal 17(4)	—
Airteagal 18(1)	—
Airteagal 18(2)	—
Airteagal 19(1)	Airteagal 28(1)
—	Airteagal 28 (2), (3) agus (4)
Airteagal 19(2)	Airteagal 28(5)
—	Airteagal 30
—	Airteagal 32
—	Airteagal 34
—	Airteagal 35
Airteagal 20	Airteagal 39
Airteagal 21(1)	Airteagal 40(1)
Airteagal 21(2)	Airteagal 40(2)
Airteagal 21(3)	Airteagal 40(4), an chéad abairt agus an dara habairt
—	Airteagal 40(4), an tríú habairt
—	Airteagal 43
—	Airteagal 44
—	Airteagal 45
Airteagal 22, an chéad fhomhír	Airteagal 46(1)
Airteagal 22, an dara mír	Airteagal 46(2)
Airteagal 22, an tríú mír	Airteagal 46(3)
Iarscríbhinn I	Iarscríbhinn I
—	Iarscríbhinn II
Iarscríbhinn II	Iarscríbhinn III
—	Iarscríbhinn IV
—	Iarscríbhinn V